

# Iris Oifigiúil

## an Aontais Eorpaigh

# L 103



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 66

18 Aibreán 2023

Clár

### II Gníomhartha neamhrechtacha

#### RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/823 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2023 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Threoir 2011/16/AE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coibhéis faisnéise a mheasúnú agus a chinneadh i gcomhaontú idir údarais inniúla Ballstáit agus dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í ..... 1
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/824 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2023 lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar liostaí tríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas <sup>(1)</sup> ..... 5
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/825 ón gCoimisiún an 17 Aibreán 2023 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála arna forchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1408 ar allmhairí leathán agus cornaí teorollta áirithe de chruach dhosmálta de thionscnamh na hIndinéise chun allmhairí leathán agus cornaí teorollta áirithe de chruach dhosmálta arna gcur chun bealaigh ón Tuirc a chumhdach, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Tuirce iad nó ná bíodh ..... 12
- ★ Rialachán (AE) 2023/826 ón gCoimisiún an 17 Aibreán 2023 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta maidir le hídiú leictreachais móid “as”, móid fuireachais, agus móid fuireachais líonra trealamh tí agus oifige leictreach agus trealamh tí agus oifige leictreonach de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1275/2008 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 107/2009 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup> ..... 29

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

# GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na gníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.



## II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/823 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Aibreán 2023

**lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Threoir 2011/16/AE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coibhéis faisnéise a mheasúnú agus a chinneadh i gcomhaontú idir údaráis inniúla Ballstát agus dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 8ac(7), an chéad fhomhír, di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leasaíodh Treoir 2011/16/AE le Treoir (AE) 2021/514 ón gComhairle <sup>(2)</sup> chun feabhas a chur ar na forálacha a bhaineann le gach cineál malartuithe faisnéise agus comhair riaracháin trí fhoráil a dhéanamh maidir le malartú faisnéise uathoibríoch sainordaitheach a thuairiscíonn oibreoirí ardán.
- (2) I bhfianaise nádúr agus solúbthacht na n-ardán digiteach, leis an oibleagáid tuairiscithe cumhdaítear na hoibreoirí ardán sin mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn V, Roinn IA, pointe 4(b) de Threoir 2011/16/AE, ar oibreoirí ardán iad a dhéanann gníomhaíocht tráchtála san Aontas ach nach bhfuil cónaí orthu san Aontas chun críoch cánach, nach bhfuil ionchorpraithe ná bainistithe, agus nach bhfuil buanbhunaíocht acu i mBallstát (“oibreoirí ardán eachtrach”). Áirithítear leis sin cothrom iomaíochta do gach oibreoir ardán digiteach gan beann ar a n-áit bhunaíochta agus cuireann sé cosc ar an iomaíocht éagórach laistigh den Aontas.
- (3) Le Treoir 2011/16/AE, leagtar síos bearta lena bhfuil sé beartaithe an t-ualach riaracháin ar oibreoirí ardán eachtrach agus ar údaráis chánach na mBallstát a laghdú, i gcásanna ina bhfuil socrúithe leordhóthanacha ann chun a áirithiú go malartófar faisnéis choibhéiseach idir dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í agus Ballstát.
- (4) Foráiltear le hAirteagal 8ac(7), an chéad fhomhír, de Threoir 2011/16/AE go bhfuil an Coimisiún le cinneadh, tar éis iarraidh réasúnaithe a fháil ó Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, cibé an bhfuil an fhaisnéis, is faisnéis atá le fáil ag Ballstát go huathoibríoch, coibhéiseach leis an bhfaisnéis a shonraítear i Roinn III, mír B d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir sin. Foráiltear le hAirteagal 8ac(7) freisin gur cheart feidhm a bheith ag an nós imeachta céanna sin i gcás inar gá a chinneadh nach bhfuil an fhaisnéis coibhéiseach a thuilleadh.
- (5) Bunaítear leis an Rialachán seo na critéir chun measúnú agus cinneadh a dhéanamh ar a mhéid a áirithítear le dlí náisiúnta dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í agus le comhaontú idir údaráis inniúla Ballstát agus dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í go mbaineann an fhaisnéis, atá le fáil go huathoibríoch, a fhaigheann an Ballstát sin leis na gníomhaíochtaí laistigh de raon feidhme Threoir 2011/16/AE agus go bhfuil sí coibhéiseach leis an bhfaisnéis a cheanglaítear faoi na rialacha tuairiscithe a leagtar amach sa Treoir sin.

<sup>(1)</sup> IO L 64, 11.3.2011, lch. 1.

<sup>(2)</sup> IO L 104, 25.3.2021, lch. 1.

- (6) Ar an leibhéal idirnáisiúnta, an 3 Iúil 2020 d'fhoilsigh an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) Rialacha Samhla maidir le Tuairiscíú ag Oibreoirí Ardán i leith Díoltóirí sa Gheilleagar Comhroinnte agus Poistíneachta <sup>(3)</sup> ("Rialacha Samhla") agus an 22 Meitheamh 2021, d'fhoilsigh sí Modúl Roghnach lena leathnaítear na Rialacha Samhla go hearraí a dhíol agus modhanna iompair a ligean ar cíós <sup>(4)</sup> ("Modúl Roghnach"). Ní íoschaighdeán atá sna Rialacha Samhla ná sa Mhodúl Roghnach agus, mar thoradh air sin, féadfaidh dlínsí iad a chur i bhfeidhm ar bhealach éagsúil. Dá bhrí sin, is gá don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an dlí náisiúnta lena dtrasuítear Rialacha Samhla agus Modúl Roghnach na dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í, ar bhonn cás ar chás, chun a mhéid atá na gníomhaíochtaí laistigh de raon feidhme an dlí náisiúnta sin agus an fhaisnéis a cheanglaítear fúthu coibhéiseach leis na gníomhaíochtaí laistigh de raon feidhme Threoir 2011/16/AE agus leis an bhfaisnéis a cheanglaítear faoin Treoir sin. Ina theannta sin, ba cheart é a bheith fós indéanta coibhéis a chinneadh, i gcás inarb iomchuí, i ndáil le hionstraim dhéthaobhach nó leis an gcaidreamh malartaithe le dlínse aonair nach dlínse de chuid an Aontais í agus leis an dlí náisiúnta sa dlínse sin.
- (7) Agus measúnú agus cinneadh á ndéanamh ar choibhéis den sórt sin, ba cheart cur chuige a ghlacadh lena n-áiríteofar go bhfaighidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá agus lena gcuirfear cosc ar ualach iomarcach a bheith ar na hoibreoirí ardán a thuairiscigh an fhaisnéis ábhartha cheana féin i ndlínse nach dlínse de chuid an Aontais í. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún an measúnú a dhéanamh i gcomhréir leis na critéir chomhfhreagracha, mar a shainmhínítear in Airteagal 8ac(7) agus aird chuí á tabhairt ar na heisiaimh roghnacha a thairgtear faoi na Rialacha Samhla agus faoin Modúl Roghnach.
- (8) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí maidir leis na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. <sup>(5)</sup>
- (9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomhar Riaracháin maidir le Cánachas,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

### **Critéir chun coibhéis a mheasúnú agus a chinneadh**

Cuirfidh an Coimisiún na critéir a leagtar amach in Airteagail 2 go 7 den Rialachán seo i bhfeidhm agus cinneadh á dhéanamh aige maidir le cibé an bhfuil an fhaisnéis is gá a mhalartú go huathoibríoch de bhun comhaontú idir údaráis inniúla Ballstáit agus dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í, de réir bhrí fhomhír A(7) de Roinn I d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2011/16/AE, coibhéiseach leis an bhfaisnéis a shonraítear i mír B de Roinn III d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir sin.

#### *Airteagal 2*

### **Oibreoirí Ardán Tuairiscithe**

1. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na sainmhínte maidir le hoibreoirí ardán tuairiscithe a leagtar amach i ndlí náisiúnta dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í agus de bhun comhaontú idir údaráis inniúla Ballstáit agus dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í, chun a gcoibhéis leis na sainmhínte a leagtar amach i Roinn I, fómhíreanna A(1) go A(4) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2011/16/AE a chinneadh.

<sup>(3)</sup> ECFE (3 Iúil 2020). Rialacha Samhlacha Tuairiscithe ag Oibreoirí Ardán i ndáil le Díoltóirí sa Gheilleagar Comhroinnte agus Poistíneachta

<sup>(4)</sup> ECFE (22 Meitheamh 2021). Rialacha Samhla Tuairiscithe le haghaidh Ardán Dhigiteacha: Creat an Mhalartaithe Idirnáisiúnta agus Modúl Roghnach um Dhíol Earraí

<sup>(5)</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

2. I gcás nach measann dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í gur oibreoir ardán tuairiscithe í Oibreoir Ardán a éascaíonn soláthar gníomhaíochtaí ábhartha ar lú ná EUR 1 mhilliún nó ar lú ná méid arb ionann é agus thart ar EUR 1 mhilliún in airgeadra áitiúil na dlínse sin an chomhionann chomhiomlán ar leibhéal an ardáin le linn na bliana féilire roimhe sin, ní bheidh feidhm ag cinneadh coibhéise ach amháin maidir le hoibreoirí ardán tuairiscithe mar a shainmhínítear i ndlí náisiúnta na dlínse ábhartha nach dlínse de chuid an Aontais í.

#### *Airteagal 3*

### **Díoltóirí Intuairiscithe**

Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na sainmhínithe maidir le díoltóirí intuairiscithe a leagtar amach i ndlí náisiúnta dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í agus de bhun comhaontú idir údaráis inniúla Ballstáit agus dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í, chun a gcoibhéis leis na sainmhínithe a leagtar amach i Roinn I, fómhíreanna B(1) go B(4), agus C(1) agus C(2) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2011/16/AE a chinneadh.

#### *Airteagal 4*

### **Gníomhaíocht Ábhartha**

1. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na sainmhínithe maidir le gníomhaíocht ábhartha a leagtar amach sa dlí náisiúnta maidir le dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í agus de bhun comhaontú idir údaráis inniúla Ballstáit agus dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í, chun a gcoibhéis leis na sainmhínithe a leagtar amach i Roinn I, fómhíreanna A(8), A(10), A(11), agus C(9) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2011/16/AE a chinneadh.

2. I gcás nach ndéanann dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí ábhartha mar a shainmhínítear i Roinn I, fómhír A(8) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2011/16/AE a áireamh ina dhlí náisiúnta mar ghníomhaíocht ábhartha, ní bheidh feidhm ag cinneadh coibhéise ach amháin maidir le faisnéis i ndáil le gníomhaíocht ábhartha mar a shainmhínítear i ndlí náisiúnta na dlínse sin nach dlínse de chuid an Aontais í.

#### *Airteagal 5*

### **Nósanna imeachta maidir le dícheall cuí**

Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na nósanna imeachta maidir le dícheall cuí a leagtar síos i ndlí náisiúnta dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í agus de bhun comhaontú idir údaráis inniúla Ballstáit agus dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í chun a gcoibhéis leis na nósanna imeachta maidir le dícheall cuí a leagtar amach i Roinn II d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2011/16/AE agus na sainmhínithe a leagtar amach i Roinn I, fómhír C(3) go fómhír C(7), d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2011/16/AE a chinneadh.

#### *Airteagal 6*

### **Ceanglais tuairiscithe**

Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na ceanglais tuairiscithe a leagtar síos i ndlí náisiúnta dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í agus de bhun comhaontú idir údaráis inniúla Ballstáit agus dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í chun a gcoibhéis leis na ceanglais tuairiscithe a leagtar amach i Roinn III, fómhíreanna A(1), A(2), A(5), A(6) agus A(7), agus mír B d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2011/16/AE a chinneadh, agus na sainmhínithe a leagtar amach i Roinn I, fómhíreanna C(3) go C(8), d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2011/16/AE.

#### *Airteagal 7*

### **Cur i bhfeidhm éifeachtach**

Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na rialacha agus na nósanna imeachta riaracháin a leagtar síos sa dlí náisiúnta maidir le dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í agus de bhun comhaontú idir údaráis inniúla Ballstáit agus dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í chun a áirithiú go ndéanfar na nósanna imeachta maidir le dícheall cuí agus na ceanglais tuairiscithe a chur chun feidhme agus a chomhlíonadh go héifeachtach, agus chun a gcoibhéis leis na forálacha a leagtar amach i Roinn IV, míreanna A go D d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2011/16/AE a chinneadh.

*Airteagal 8***Coibhéis a chinneadh**

I gcás ina gcomhlíonfar na critéir dá dtagraítear in Airteagal 1 agus a measúnaíodh i gcomhréir le hAirteagal 2 go 7, measfar an fhaisnéis a cheanglaítear a mhalartú go huathoibríoch de bhun comhaontú idir údarais inniúla an Bhallstáit agus an dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í lena mbaineann a bheith coibhéiseach. Beidh feidhm ag an gcinneadh coibhéise sin maidir leis an gcomhaontú céanna idir údarais inniúla aon Bhallstáit eile agus an dlínse lena mbaineann nach dlínse de chuid an Aontais í.

Gan dochar d'Airteagal 2(2), maidir le hOibreoir Ardán Tuairiscithe mar a shainmhínítear i Roinn I, fomhír A(4), pointe (b), d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2011/16/AE nach meastar a bheith ina oibreoir ardán tuairiscithe faoi dhlí náisiúnta na dlínse ábhartha nach dlínse de chuid an Aontais í, beidh oibleagáid air faisnéis a chlárú agus a thuairisciú do Bhallstát aonair i gcomhréir le hAirteagal 8ac(4) agus le Roinn IV, fomhír F(1) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2011/16/AE.

Gan dochar d'Airteagal 4(2), maidir le hoibreoir ardán tuairiscithe mar a shainmhínítear i Roinn I, fomhír A(4), pointe (b), d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2011/16/AE, a éascaíonn aon ghníomhaíocht nach meastar a bheith ina gníomhaíocht ábhartha faoi dhlí náisiúnta na dlínse ábhartha nach dlínse de chuid an Aontais í, beidh oibleagáid air faisnéis ar Dhíoltóirí Intuairiscithe i ndáil leis an ngníomhaíocht ábhartha sin a chlárú agus a thuairisciú do Bhallstát aonair i gcomhréir le hAirteagal 8ac(4) agus le Roinn IV, fomhír F(1) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2011/16/AE.

*Airteagal 9***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Aibreán 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/824 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 14 Aibreán 2023**

**lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar liostaí tríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (“Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe”) <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1) agus (3) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach mór do choinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.
- (2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí speiceas agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tír nó ó chríoch nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.
- (3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup> bunaítear na liostaí de thríú tír, nó de chríoch, nó de chriosanna nó deighleoga de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear na speicis agus catagóirí ainmhithe, na táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 teacht isteach san Aontas.
- (4) Go háirithe, le hIarscríbhinn V, XIV, agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach na liostaí de thríú tír nó de chríoch nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.
- (5) Thairis sin, thug Ceanada fógra don Choimisiún faoi ráig amháin den fhliú éanúil ardpheadaigineach in éanlaith chlóis atá ann i gcúige Quebec, agus deimhníodh í an 27 Márta 2023 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

<sup>(1)</sup> IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh a theacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tír, de thríú críoch nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

- (6) Ina theannta sin, tá fógra tugtha ag na Stáit Aontaithe don Choimisiún faoi 4 ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit Colorado (1) agus Nua-Eabhrac (3), na Stáit Aontaithe, ráigeanna a deimhníodh idir an 22 Márta 2023 agus an 5 Aibreán 2023 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (7) Tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach a bhí ann le déanaí, bhunaigh údaráis tréidliachta Ceanada agus na Stáit Aontaithe criosanna rialaithe de 10 km ar a laghad timpeall ar na bunáicthe atá buailte agus chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun láithreach an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.
- (8) Tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag Ceanada agus ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcrioch agus maidir leis na bearta atá déanta acu chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh sin a chosc. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. Ar bhonn na meastóireachta sin, agus chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint, níor cheart údarú a thabhairt a thuilleadh do choinneachtaí d'éanlaith chlóis, agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis ná d'fheoil úr ó éanlaith chlóis ná d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas ó na ceantair atá faoi shrianta a leagann údaráis tréidliachta Ceanada agus na Stáit Aontaithe síos mar gheall ar na ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann le déanaí.
- (9) Thairis sin, chuir an Ríocht Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcrioch i ndáil le 9 ráig den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann i mbunáicthe éanlaithe clóis i gcontaetha Essex (6), Lincolnshire (1), Norfolk (1) agus West Midlands (1) i Sasana, an Ríocht Aontaithe, ráigeanna a deimhníodh idir an 6 Meán Fómhair 2022 agus an 11 Samhain 2022.
- (10) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis a chuir an Ríocht Aontaithe isteach agus tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil na ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mbunáicthe éanlaithe clóis díothaithe agus nach bhfuil riosca ag baint a thuilleadh le teacht isteach tráchtearraí éanlaithe clóis san Aontas ó na criosanna sa Ríocht Aontaithe, óna raibh teacht isteach san Aontas na dtráchtearraí éanlaithe clóis ar fionraí tar éis na ráigeanna sin.
- (11) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú chun an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair a chur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe.
- (12) Agus an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe á cur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach agus an riosca tromchúiseach atá ann go dtabharfaí isteach san Aontas é, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh ar Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leis an Rialachán seo mar ábhar práinne.
- (13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

#### *Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.



Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Aibreán 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) leasaítear Roinn B de Chuid 1 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach an ró seo a leanas le haghaidh chrios CAN-2.178 tar éis an ró le haghaidh chrios CAN-2.177:

<b>“CA</b> Ceanada	CA-2.178	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		27.3.2023”	
-----------------------	----------	---	-------	--	------------	--

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.141:

<b>“GB</b> An Ríocht Aontaithe	GB-2.141	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		6.9.2022	29.3.2023”
--------------------------------------	----------	---	-------	--	----------	------------

(iii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.166:

<b>“GB</b> An Ríocht Aontaithe	GB-2.166	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		7.10.2022	29.3.2023”
--------------------------------------	----------	---	-------	--	-----------	------------

(iv) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna GB-2.169 agus GB-2.170:

<b>“GB</b> An Ríocht Aontaithe	GB-2.169	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		8.10.2022	29.3.2023
	GB-2.170		N, P1		7.10.2022	29.3.2023”

(v) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna GB-2.182 agus GB-2.183:

<b>“GB</b> An Ríocht Aontaithe	GB-2.182	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		9.10.2022	29.3.2023
	GB-2.183		N, P1		13.10.2022	29.3.2023”

- (vi) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.220:

“GB An Ríocht Aontaithe	GB-2.220	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		26.10.2022	28.3.2023”
-------------------------------	----------	---	-------	--	------------	------------

- (vii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.236:

“GB An Ríocht Aontaithe	GB-2.236	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		2.11.2022	30.3.2023”
-------------------------------	----------	---	-------	--	-----------	------------

- (viii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.253:

“GB An Ríocht Aontaithe	GB-2.253	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		11.11.2022	29.3.2023”
-------------------------------	----------	---	-------	--	------------	------------

- (ix) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.447 go US-2.450 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.446:

“US Na Stáit Aontaithe	US-2.447	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		28.3.2023	
	US-2.448		N, P1		22.3.2023	
	US-2.449		N, P1		22.3.2023	
	US-2.450		N, P1		5.4.2023”	

- (b) leasaítear Cuid 2 mar a leanas:

- i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach an tuairisc seo a leanas ar chrios CA-2.178 tar éis na tuairisce ar chrios CA-2.177:

“Ceanada	CA-2.178	Southern Quebec- Latitude 45.36, Longitude -72.93 The municipalities involved are: 3km PZ: Ange-Gardien and Saint-Césaire. 10km SZ: Ange-Gardien, Brigham, Farnham, Saint-Alphonse, Saint-Alphonse-deGranby, Saint-Césaire, Sainte-Brigide-d’Iberville, and Saint-Paul-d’Abbotsford”
----------	----------	---

- (ii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna US-2.447 go US-2.450 tar éis na tuairisce ar chrios US-2.446:

“Na Stáit Aontaithe	US-2.447	State of Colorado Yuma 01 Yuma County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 102.6021809°W 40.0556963°N)
------------------------	----------	--

	US-2.448	State of New York Tompkins 01 Tompkins County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 76.4228309°W 42.5338498°N)
	US-2.449	State of New York Queens 02 Queens County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 73.8110491°W 40.7686723°N)
	US-2.450	State of New York Queens 03 Queens County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 73.7654921°W 40.7913911°N)

(2) leasaítear Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV mar a leanas:

- (i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chrios CA-2.178 tar éis na rónna le haghaidh chrios CA-2.177:

"CA Ceanada	CA-2.178	POU, RAT	N, P1		27.3.2023	
		GBM	P1		27.3.2023"	

- (ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.141:

"GB An Ríocht Aontaithe	GB-2.141	POU, RAT	N, P1		6.9.2022	29.3.2023
		GBM	P1		6.9.2022	29.3.2023"

- (iii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.166:

"GB An Ríocht Aontaithe	GB-2.166	POU, RAT	N, P1		7.10.2022	29.3.2023
		GBM	P1		7.10.2022	29.3.2023"

- (iv) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna GB-2.169 agus GB-2.170:

"GB An Ríocht Aontaithe	GB-2.169	POU, RAT	N, P1		8.10.2022	29.3.2023
		GBM	P1		8.10.2022	29.3.2023
	GB-2.170	POU, RAT	N, P1		7.10.2022	29.3.2023
		GBM	P1		7.10.2022	29.3.2023"

- (v) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna GB-2.182 agus GB-2.183:

<b>"GB</b> An Ríocht Aontaithe	GB-2.182	POU, RAT	N, P1		9.10.2022	29.3.2023
		GBM	P1		9.10.2022	29.3.2023
	GB-2.183	POU, RAT	N, P1		13.10.2022	29.3.2023
		GBM	P1		13.10.2022	29.3.2023"

- (vi) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.220:

<b>"GB</b> An Ríocht Aontaithe	GB-2.220	POU, RAT	N, P1		26.10.2022	28.3.2023
		GBM	P1		26.10.2022	28.3.2023"

- (vii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.236:

<b>"GB</b> An Ríocht Aontaithe	GB-2.236	POU, RAT	N, P1		2.11.2022	30.3.2023
		GBM	P1		2.11.2022	30.3.2023"

- (viii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.253:

<b>"GB</b> An Ríocht Aontaithe	GB-2.253	POU, RAT	N, P1		11.11.2022	29.3.2023
		GBM	P1		11.11.2022	29.3.2023"

- (ix) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.447 go US-2.450 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.446:

<b>"US</b> Na Stáit Aontaithe	US-2.447	POU, RAT	N, P1		28.3.2023	
		GBM	P1		28.3.2023	
	US-2.448	POU, RAT	N, P1		22.3.2023	
		GBM	P1		22.3.2023	
	US-2.449	POU, RAT	N, P1		22.3.2023	
		GBM	P1		22.3.2023	
	US-2.450	POU, RAT	N, P1		5.4.2023	
		GBM	P1		5.4.2023"	

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/825 ÓN gCOIMISIÚN****an 17 Aibreán 2023**

**lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála arna forchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1408 ar allmhairí leathán agus cornaí teorollta áirithe de chruach dhosmálta de thionscnamh na hIndinéise chun allmhairí leathán agus cornaí teorollta áirithe de chruach dhosmálta arna gcur chun bealaigh ón Tuirc a chumhdach, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Tuirce iad nó ná bíodh**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad <sup>(1)</sup> (an bun-Rialachán) agus go háirithe Airteagal 13 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

**1. NÓS IMEACHTA****1.1. Na bearta atá ann cheana**

- (1) I mí Dheireadh Fómhair 2020, trí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1408 <sup>(2)</sup> d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach ("an Coimisiún") dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí allmhairí leathán agus cornaí teorollta áirithe de chruach dhosmálta ("SSHR") ar de thionscnamh na hIndinéise, Dhaon-Phoblacht na Síne ("an tSín") agus na Téaváine iad. Tá na dleachtanna frithdhumpála atá i bhfeidhm idir 9,2 % agus 19 % le haghaidh allmhairí de thionscnamh na Síne, idir 4,1 % agus 7,5 % le haghaidh allmhairí de thionscnamh na Téaváine agus socraíodh ag 17,3 % iad le haghaidh allmhairí de thionscnamh na hIndinéise. An t-imscrúdú as ar eascair na dleachtanna sin ("an t-imscrúdú bunaidh"), tionscnaíodh i mí Lúnasa 2019 é <sup>(3)</sup>.

**1.2. Iarraidh**

- (2) An 17 Meitheamh 2022, fuair an Coimisiún iarraidh de bhun Airteagal 13(3) agus Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ("an bun-Rialachán"), chun imscrúdú a dhéanamh ar imchéimniú féideartha na mbeart frithdhumpála atá i bhfeidhm agus chun allmhairí SSHR a dhéanamh arna gcur chun bealaigh ón Tuirc, cibé ar dearbhaíodh nó nár dearbhaíodh gur de thionscnamh na Tuirce iad, faoi réir clárúcháin.
- (3) Chuir an Comhlachas Eorpach Cruach — "EUROFER" ("an t-iarratasóir") an iarraidh isteach.
- (4) Bhí fianaise leordhóthanach san iarraidh ar athrú ar an ngréasán trádála a bhaineann le honnmhairí ón Indinéis agus ón Tuirc chuig an Aontas, athrú atá tarlaithe ó forchuireadh na bearta ar SSHR. Léirigh na sonraí a soláthraíodh san iarraidh athrú mór ar an ngréasán trádála lena n-áirítear méadú mór ar onnmhairí leac cruach dosmálta, arb iad is príomh-amhábhair chun SSHR a tháirgeadh, ón Indinéis chuig an Tuirc agus méadú mór ar onnmhairí SSHR ón Tuirc chuig an Aontas. Is cosúil gur eascair an t-athrú sin ó choinsíniú SSHR ón Tuirc chuig an Aontas, i ndiaidh oibríochtaí cóimeála nó críochnaithe a rinneadh air sa Tuirc. Léiríonn an fhianaise gur thosaigh na hoibríochtaí cóimeála nó críochnaithe sin tráth tionscanta an imscrúdaithe frithdhumpála ar eascair na dleachtanna atá i bhfeidhm faoi láthair as, agus nach raibh cúis chúí ná údar eacnamaíoch leordhóthanach seachas forchur na dleachta leis an gcleachtas i gceist.

<sup>(1)</sup> IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1408 ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí d'allmhairí leathán nó cornaí teorollta áirithe de chruach dhosmálta ar de thionscnamh na hIndinéise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine iad (IO L 325, 7.10.2020, lch. 26).

<sup>(3)</sup> Fógra tionscnaimh maidir le nós imeachta frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí leathán nó cornaí teorollta áirithe de chruach dhosmálta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, na Téaváine agus na hIndinéise (IO C 269 I, 12.8.2019, lch. 1).

- (5) Thairis sin, bhí fianaise leordhóthanach san iarraidh a léirigh gur mhó luach na leac cruach dosmálta de thionscnamh na hIndinése ná 60 % de luach iomlán chodanna SSHR, agus gur lú an luach a cuireadh leis an táirge le linn na n-oibríochtaí cóimeála nó críochnaithe ná 25 % den chostas monaraithe.
- (6) Ina theannta sin, bhí fianaise leordhóthanach san iarraidh a léirigh go raibh an cleachtas, próiseas nó obair ag baint an bhoinn d'éifeachtaí ceartaitheacha na ndleachtanna frithdhumpála atá i bhfeidhm ó thaobh cainníochtaí agus praghsanna de. Is cosúil gur tháinig méideanna suntasacha d'allmhairí SSHR isteach i margadh an Aontais Eorpaigh. Ina theannta sin, bhí fianaise leordhóthanach ann a thaispeáin gur ar phraghsanna díobhálacha a rinneadh allmhairí SSHR.
- (7) Ar deireadh, bhí fianaise leordhóthanach san iarraidh a léirigh gur allmhairí ar phraghsanna dumpáilte iad na hallmhairí SSHR i ndáil leis an ngnáthluach a suíodh roimhe seo.

### 1.3. An táirge lena mbaineann agus an táirge faoi imscrúdú

- (8) Is éard atá i gceist leis an táirge a mbaineann an t-imchéimniú féideartha leis, táirgí cothromrollta cruach dosmálta, bíodh siad ina gcoraí nó ná bíodh (lena n-áirítear táirgí gearrtha san fhad iomchuí agus stiallacha cúnga), gan oibriú breise déanta orthu seachas a bheith teorollta, agus dá n-eisiatar táirgí nach bhfuil ina gcoraí agus is mó ná 10 mm ar tiús agus atá 600 mm nó níos mó ar leithead, a bhí aicmithe ar dháta theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1408 faoi chóid CC 7219 11, 7219 12, 7219 13, 7219 14, 7219 22, 7219 23, 7219 24, 7220 11 agus 7220 12 agus de thionscnamh na hIndinése (“an táirge lena mbaineann”). Is é sin an táirge a bhfuil feidhm ag na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair maidir leis.
- (9) Is ionann an táirge faoi imscrúdú agus an táirge a shainmhínítear san aithris roimhe seo, mar atá, táirge a luaitear faoi láthair faoi chóid CC 7219 11, 7219 12, 7219 13, 7219 14, 7219 22, 7219 23, 7219 24, 7220 11 agus 7220 12, ach a choinnítear ón Tuirc, dearbhaítear gur de thionscnamh na Tuirce iad nó ná dearbhaítear (cóid TARIC 7219 11 00 10, 7219 12 10 10, 7219 13 10 10, 7219 14 10 10, 7219 22 10 10, 7219 23 00 10, 7219 24 00 10, 7220 11 00 10, agus 7220 12 00 10) (“an táirge faoi imscrúdú”).
- (10) Léirigh an t-imscrúdú go bhfuil na buntréithe fisiceacha agus ceimiceacha céanna, mar aon leis na húsáidí céanna, ag SSHR a onnmhairítear ón Indinéis go dtí an tAontas agus atá ag SSHR a choinnítear ón Tuirc, bíodh siad de thionscnamh na Tuirce nó ná bíodh, agus dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.
- (11) Tar éis an nochta, mhaígh Marcegaglia Specialties S.P.A. (“Marcegaglia”), allmhaireoir agus úsáideoir SSHR Eorpach, gur coraí SSHR dubha a bhí ina allmhairithe SSHR ar fad ón Tuirc arna ndéanamh ó leaca na hIndinése, nach raibh mórán margadh saor ar bith dóibh san Aontas. Rinne an chuideachta idirdhealú idir SSHR bán agus SSHR dubh laistigh den táirge lena mbaineann. Is gá go mbeadh coraí SSHR dubha picilte agus ainneálta sula ndéantar tuilleadh próiseála, rud a theorannaíonn a n-úsáid chuig athrollóirí go heisiach. Mhaígh Marcegaglia gurbh iadsan an t-aon athrollóir neamhspleách, comhtháite go neamhgearach san Aontas. Dá réir sin, ó tharla go raibh an táirge a allmhairíodh ón Tuirc teoranta chuig coraí SSHR dubha, ní raibh aon iomaíocht leis na SSHRanna bána a thairg agus a dhíol táirgeoirí de chuid an Aontais ar an margadh saor.
- (12) Mheabhraigh an Coimisiún gurbh é cuspóir an imscrúdaithe sin a chinneadh cibé an raibh nó nach raibh imchéimniú ann. Ní raibh aon bhunús dlí chun raon feidhme táirge na mbearta a athbhreithniú i gcomhthéacs an imscrúdaithe sin. Bunaíodh an raon feidhme táirge san imscrúdú bunaidh agus áiríodh coraí SSHR uile laistigh de shainmhíniú an táirge. Go sonrach, san imscrúdú bunaidh thángthas ar an gconclúid go bhfuil na buntréithe fisiceacha agus ceimiceacha céanna ag coraí dubha agus bána, go bhfuil siad inmhalartaithe agus go dtagann siad faoi réim an raoin feidhme táirge (\*). Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.
- (13) Tar éis an nochta, mhaígh Çolakoğlu Metalurji A.Ş. (“Çolakoğlu”), táirgeoir onnmhairiúcháin Turcach, agus Rialtas na Tuirce, gur cheart don Choimisiún raon feidhme an imscrúdaithe a leathnú chun go gcuimseofaí próiseáil leaca cruach dosmálta na hIndinése ina SSHR san Aontas.

(\* Féach aithrisí (44) go (46) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí d'allmhairí leathán nó coraí teorollta áirithe de chruach dhosmálta ar de thionscnamh na hIndinése, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine iad (IO L 110, 8.4.2020, lch. 3), arna dheimhniú in aithrisí (20)-(28) agus (31) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1408 ón gCoimisiún.

- (14) Mar a míníodh in aithris (31), mheabhraigh an Coimisiún, cé go raibh an cleachtas sin lasmuigh de raon feidhme an imscrúdaithe sin, thug sé an maíomh dá aire agus déanfaidh sé tuilleadh anailíse ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta ón gCoimisiún, má dheimhnítear an cleachtas sin.

#### 1.4. Tionscnamh

- (15) Tar éis don Choimisiún a chinneadh, tar éis dó na Ballstáit a chur ar an eolas, go raibh fianaise leordhóthanach ann chun imscrúdú a thionscnamh de bhun Airteagal 13(3) den bhun-Rialachán, thionscain sé an t-imscrúdú agus chuir sé allmhairí SSHR a chuirtear chun bealaigh ón Tuirc, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Tuirce iad nó ná bíodh, faoi réir a gcláraithe, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1310 ón gCoimisiún <sup>(5)</sup> (“an Rialachán tionscnaimh”).

#### 1.5. Barúlacha maidir le tionscnamh

- (16) D’áitigh Çolakoğlu nach raibh bonn cirt le tionscnamh an imscrúdaithe mar gheall ar easpa fianaise leordhóthanach, agus dá bhrí sin gur cheart an t-imscrúdú a fhoirceannadh.
- (17) Mhaígh Çolakoğlu go bhfuil easpa athraithe ar an ngréasán trádála mar, in éagmais an laghdaithe ar allmhairí SSHR ón Indinéis, ná léirigh an méadú ar allmhairí SSHR ón Tuirc, ann féin, nach bhféadfadh na hallmhairí ón Indinéis a ionadú, gur ann d’athrú ar an ngréasán trádála.
- (18) D’áitigh sé freisin nár tháinig an cleachtas, próiseas nó obair a bhí ar siúl sa Tuirc faoi aon cheann de na catagóirí sa cheathrú fómhír d’Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Go háirithe, ní raibh aon fhianaise dheimhneach gur cuireadh SSHR de thionscnamh na hIndinése chun bealaigh tríd an Tuirc go dtí an tAontas, ná fianaise d’atheagrú na bpátrún agus na gcainéal díolachán. Thairis sin, níorbh fhéidir an cleachtas, próiseas ná obair a cháiliú mar mhodhnú beag, ós rud é gur táirge iartheachtach é an táirge faoi imscrúdú agus, dá réir sin, gur táirge nach ionann é agus a ábhair ionchuir, ná mar oibríocht chóimeála, go háirithe ós rud é nach n-aicmítear an táirge faoi imscrúdú agus leaca cruach dosmálta faoi na ceannteidil taraife chéanna.
- (19) Mhaígh Çolakoğlu go raibh údar eacnamaíoch le hinfheistiú a dhéanamh in acmhainneachtaí um chruach dhosmálta a dhéanamh mar gheall ar an éileamh ar tháirgí cruach dosmálta sa Tuirc.
- (20) D’áitigh Çolakoğlu éagmais díobhála freisin agus nach raibh dochar á dhéanamh do na héifeachtaí ceartaitheacha ó tharla i) le sciar 1 % den mhargadh, ní raibh na hallmhairí Turcacha suntasach chun dochar a dhéanamh d’éifeachtaí ceartaitheacha na dleachta agus ii) dá ndéanfaí dochar d’éifeachtaí ceartaitheacha na dleachta, ní bheadh sé sin de thoradh allmhairí SSHR ón Tuirc ach mar gheall ar allmhairí SSHR ón Indinéis, a lean ar aghaidh tar éis do na bearta a fhorchur, agus SSHR arna phróiseáil ag táirgeoirí an Aontais ó leaca cruach arna n-iompórtáil ón Indinéis.
- (21) Ina theannta sin, d’áitigh Çolakoğlu go mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais na bearta a leathnú chun an Tuirc chumhdach, de bhrí go mbeadh méadú eile ar phraghsanna dá thoradh, a mbeadh tionchar diúltach aige ar úsáideoirí deiridh agus ar thomhaltóirí i ndeireadh na dála.
- (22) Ar deireadh, mhaígh Çolakoğlu go ndearna táirgeoirí de chuid an Aontais na hoibríochtaí céanna, is é sin próiseáil leac cruach dosmálta na hIndinése ina SSHR san Aontas, fiú ag méid níos mó ná na hoibríochtaí atá ag tarlú sa Tuirc. Dá bhrí sin, d’iarr sé deireadh a chur leis an imscrúdú nó, de rogha air sin, raon feidhme an imscrúdaithe a leathnú chun go gcuimseofaí próiseáil leaca cruach dosmálta na hIndinése ina SSHR san Aontas.
- (23) Fuarthas barúlacha den chineál céanna ó Marcegaglia agus ó Rialtas Phoblacht na Tuirce.

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1310 ón gCoimisiún an 26 Iúil 2022 lena dtionscnaítear imscrúdú a bhaineann le himchéimniú féideartha na mbeart frithdhumpála a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1408 maidir le hallmhairí leathán agus cornaí teorollta áirithe de chruach dhosmálta de thionscnamh na hIndinése trí allmhairí leathán agus cornaí teorollta áirithe de chruach dhosmálta a choinsínítear ón Tuirc, dearbhaítear gur de thionscnamh na Tuirce iad nó ná dearbhaítear, agus lena gcuirtear na hallmhairí sin faoi réir a gcláraithe (IO L 198, 27.7.2022, lch. 8)



- (24) Ina theannta sin, mhaígh Marcegaglia gurbh ionann allmhairiú leac cruach dosmálta ón Indinéis chun tuilleadh próiseála a dhéanamh orthu sa Tuirc agus oibríocht a raibh údar eacnamaíoch leis dírithe ar a fhoinsí soláthair a éagsúlú.
- (25) Mheas an Coimisiún go raibh fianaise leordhóthanach san iarraidh gur tharla athrú ar an ngréasán trádála a bhaineann le honnmhairí ón Indinéis agus ón Tuirc chuig an Aontas ó cuireadh tús leis an imscrúdú bunaidh agus ó forchuireadh na bearta. Go sonrach, bhí sonraí san iarraidh a léirigh athrú ar an ngréasán trádála lena mbaineann méadú mór ar onnmhairí leac cruach dosmálta, arb iad is príomh-amhábhhar chun SSHR a tháirgeadh, ón Indinéis chuig an Tuirc agus méadú mór ar onnmhairí SSHR ón Tuirc chuig an Aontas.
- (26) Maidir leis an gcleachtas, próiseas nó obair a tharlaíonn sa Tuirc, mheas an Coimisiún go raibh fianaise leordhóthanach san iarraidh gur ann d'oibríochtaí cóimeála/críochnaithe, ceann de na cleachtais a luaitear go sonrach in Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán, sa Tuirc, agus go raibh na hoibríochtaí sin bunaithe ar úsáid a bhaint as leaca cruach dosmálta, an príomhábhhar ionchuir, ón Indinéis. Tá an t-aicmiú taraise agus an táirge atá faoi imscrúdú agus a phríomhábhair ionchuir le hábhar, ná an t-athrú orthu sin, neamhábhhartha chun a chinneadh cibé an bhfuil imchéimniú i gceist le hoibríocht chóimeála/críochnaithe nó nach bhfuil.
- (27) Ina theannta sin, soláthraíodh fianaise leordhóthanach leis an iarraidh freisin maidir le heaspa léir an bhoinn chirt eacnamaíoch seachas forchur na ndleachtanna, go háirithe mar go raibh méadú ar chastacht na n-oibríochtaí lóistíochta agus táillí seirbhíse dá thoradh. Rinneadh anailís bhreise ar na maímh a rinne Çolakoğlu agus Marcegaglia le linn an imscrúdaithe agus téitear i ngleic leo i roinn 2.4 thíos.
- (28) Mheas an Coimisiún gur tugadh fianaise leordhóthanach san iarraidh freisin a thug le fios go raibh an bonn á bhaint d'éifeachtaí ceartaitheacha na mbeart frithdhumpála atá ann cheana ar SSHR ó thaobh cainníochta agus praghsanna de, mar gheall ar na cleachtais sin. Go háirithe, tugadh fianaise leordhóthanach san iarraidh go ndearnadh allmhairí SSHR ag praghsanna bhun an phraghais neamh-dhíobhálaigh a suíodh san imscrúdú bunaidh. Rinneadh anailís bhreise ar an maíomh sin, lena n-áirítear argóintí a bhaineann le sciar na n-allmhairí Turcach, le linn an imscrúdaithe.
- (29) A mhéid a bhaineann le maíomh leasa an Aontais, mheabhraigh an Coimisiún nach bhfuil leas an Aontais ina bhreithniú le haghaidh tionscnamh faoi Airteagal 13 den bhun-Rialachán.
- (30) Mar gheall ar an méid thuas, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh nach raibh fianaise leordhóthanach san iarraidh chun go mbeadh údar leis an imscrúdú a thionscnamh.
- (31) A mhéid a bhaineann le barúlacha Çolakoğlu go bhféadfaí allmhairí leaca na hIndinése isteach san Aontas a phróiseáil ina SSHR laistigh den Aontas, thug an Coimisiún dá aire go raibh an cleachtas sin lasmuigh de raon feidhme an imscrúdaithe seo. Go deimhin, teorannaíodh sa Rialachán bunaidh an t-imscrúdú chuig allmhairí SSHR isteach san Aontas ón Tuirc agus na hoibríochtaí próiseála a tharlaíonn sa Tuirc. Ach, thug an Coimisiún dá aire an maíomh a sholáthair Çolakoğlu, agus déanfaidh sé tuilleadh anailíse lena fháil amach an bhféadfadh allmhairí leaca cruach dosmálta ón Indinéis isteach san Aontas a bheith ina ngné de chleachtais imchéimnithe shonracha. Thosaigh an Coimisiún ag déanamh faireacháin ar allmhairí leaca cruach dosmálta ón Indinéis chuig an Aontas agus, de réir Eurostat, stop na hallmhairí sin i mí Dheireadh Fómhair 2022.

#### 1.6. Cearta cosanta

- (32) Tar éis an nochta, mhaígh Çolakoğlu gur sháraigh an Coimisiún a cheart cosanta de bhun Airteagal 6(7) den bhun-Rialachán, Airteagal 296 CFAE chomh maith lena cheart ar riarachán fóna i gcomhréir le hAirteagal 41 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ós rud é nár thug sé aird ar roinnt mhaith de na hargóintí a cuireadh isteach le linn an imscrúdaithe. Go háirithe, mheas Çolakoğlu gur sáraíodh a cheart ar riarachán fóna mar gheall nár leathnaigh an Coimisiún raon feidhme an imscrúdaithe chun leaca cruach dosmálta ón Indinéis a allmhairítear go díreach isteach san Aontas a áireamh.

- (33) Mheabhraigh an Coimisiún gur nocht sé, an 30 Eanáir 2023, leis na páirtithe leasmhara na fíorais agus na breithnithe fíor-riachtanacha ar a mbonn sin a raibh a chonclúidí beartaithe. Tugadh 15 lá do na páirtithe ar fad chun barúil a thabhairt. Breithníodh na hargóintí ar fad a rinne Çolakoğlu agus páirtithe leasmhara eile, ach ní chiallaíonn sé sin go raibh gá freagra a thabhairt go sonrach ar gach argóint a cuireadh isteach sa doiciméad nochtta <sup>(6)</sup>. Is gá go dtabharfadh an Coimisiún údar maith leis agus é a mhíniú go mion ina thorthaí agus a chonclúidí, mar a rinne sé sa doiciméad nochtta. Tar éis an nochtta, chuir Çolakoğlu barúlacha isteach agus bronnadh éisteacht orthu. Rinne an Coimisiún breith ar na barúlacha ar fad a rinneadh, mar a shonraítear thíos. I ndáil leis na hallmhairí leaca cruach dosmálta ón Indinéis isteach san Aontas, mheabhraigh an Coimisiún gur mhínigh sé i gceart sa nochtadh, mar a shonraítear in aithris (31) thuas, na cúiseanna ar tháinig an cleachtas líomhnaithe sin lasmuigh de raon feidhme an imscrúdaithe atá i gceist. Freisin, i gcontrárthacht leis an méid a mhaígh Çolakoğlu, níos fheidhmigh an Coimisiún aon discrédí mar nár cheadaigh an Rialachán bunaidh dó ach imscrúdú a dhéanamh ar chleachtais teacht timpeall fhéideartha eile a tharlaíonn lasmuigh den Aontas Eorpach, go háirithe sa Tuirc. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur léiríodh meas iomlán ar chearta cosanta Çolakoğlu agus dhiúltaigh siad don mhaíomh.

### 1.7. Tréimhse imscrúdúcháin agus tréimhse tuairiscithe

- (34) Leis an tréimhse imscrúdúcháin cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 30 Meitheamh 2022 (“an tréimhse imscrúdúcháin” nó “IP”). Bailíodh sonraí ar feadh na tréimhse imscrúdúcháin chun imscrúdú a dhéanamh, *inter alia*, ar an athrú líomhnaithe ar an ngréasán trádála tar éis fhorchur na mbeart ar an táirge lena mbaineann, agus chun féachaint arbh ann do chleachtas, próiseas nó obair nach raibh údar maith dóthanach ná bonn cirt eacnamaíoch leis seachas forchur na dleachta. Bailíodh sonraí níos mionsonraithe ar feadh na tréimhse ón 1 Iúil 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2022 (“an tréimhse tuairiscithe” nó “RP”) chun scrúdú a dhéanamh chun fáil amach an raibh allmhairí ag baint an bhoinn d’éifeacht cheartaitheach na mbeart atá i bhfeidhm ó thaobh praghsanna agus/nó cainníochtaí de agus arbh ann don dumpáil.

### 1.8. Imscrúdú

- (35) Chuir an Coimisiún údaráis na hIndinése agus na Tuirce ar an eolas go hoifigiúil maidir le tionscnamh an imscrúdaithe, mar aon leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin arbh eol sna tíortha sin, tionscal an Aontais agus an Chomhairle Comhlachais idir an tAontas agus an Tuirc.
- (36) Ina theannta sin, d’iarr an Coimisiún ar Mhisean na Tuirce go dtí an tAontas Eorpach ainmneacha agus seoltaí táirgeoirí onnmhairiúcháin agus/nó comhlachas ionadaíochta a sholáthar dó, ar táirgeoirí agus comhlachais iad a bhféadfadh suim a bheith acu i rannpháirtíocht san imscrúdú i dteannta na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Tuirce, a bhí sainaitheanta san iarraidh ag an iartrasóir.
- (37) Cuireadh foirmeacha éilimh ar dhíolúine ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála do na táirgeoirí/na honnmhairioirí sa Tuirc, mar aon le ceistneoirí le haghaidh na dtáirgeoirí/na n-onnmhairioirí san Indinéis, agus le haghaidh allmhairioirí san Aontas.
- (38) Chuir cúig chuideachta arna mbunú sa Tuirc foirmeacha éilimh ar dhíolúine isteach. Ba iad sin:
- Saritas Celik San.ve tic. A.S. (“Saritas”)
  - Üças Paslanmaz Çelik iç ve tic. A.S. (“UCAS”)
  - AST Turkey Metal Sanayi ve tic. A.S.. (“AST”)
  - Poyraz Paslanmaz Sanayi ve diş ticaret Limited Sirk (“Poyraz”)
  - Çolakoğlu Metalurji A.Ş. (“Çolakoğlu”),
- (39) Ina theannta sin, chuir allmhairioir agus úsáideoir de chuid an Aontais, Marcegaglia, freagra ceistneora isteach.
- (40) Tugadh an deis do pháirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus éisteacht a iarraidh laistigh den teorainn ama a leagtar amach sa Rialachán tionscnaimh. Cuireadh na páirtithe uile ar an eolas go bhféadfaí Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm mura gcuirfí an fhaisnéis ábhartha uile isteach nó dá gcuirfí faisnéis neamhiomlán, bhréagach nó mhíthreorach isteach agus go bhféadfaí, dá bhrí sin, na torthaí a bhunú ar na fíorais atá ar fáil.
- (41) Réachtáladh éisteacht le Marcegaglia an 4 Deireadh Fómhair 2022.

<sup>(6)</sup> Féach ar an bpointe sin breithiúnas an 5 Bealtaine 2021, *Acron v An Coimisiún*, T-45/19, ECLI:EU:T:2021:238, alt 95.

- (42) Tar éis an nochtá ón 30 Eanáir 2023, réachtáladh éisteachtaí le Marcegaglia an 8 Feabhra 2023 agus le Çolakoğlu an 10 Feabhra 2023.

## 2. TORTHAÍ AN IMSCRÚDAITHE

### 2.1. Breithnithe ginearálta

- (43) I gcomhréir le hAirteagal 13(1) den bhun-Rialachán, ba cheart anailís a dhéanamh ar na heilimintí seo a leanas chun measúnú a dhéanamh ar imchémniú féideartha:
- an raibh athrú ar an ngréasán trádála idir an Indinéis, an Tuirc agus an tAontas,
  - má eascraíonn an t-athrú sin as cleachtas, próiseas nó as obair nach raibh cúis chuí ná bonn cirt eacnamaíoch leordhóthanach leis seachas na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm a fhorchur,
  - má tá fianaise maidir le díobháil ann nó go raibh an bonn á bhaint d'éifeachtaí ceartaitheacha na mbeart frithdhumpála atá i bhfeidhm ó thaobh phraghsanna agus/nó chainníochtaí an táirge faoi imscrúdú de, agus
  - an bhfuil fianaise maidir leis an dumpáil ann i ndáil leis na gnáthluachanna a suíodh roimhe sin don táirge lena mbaineann.
- (44) Líomhnaíodh san iarraidh coinsíniú an táirge lena mbaineann ón Tuirc go dtí an tAontas tar éis roinnt oibríochtaí cóimeála/críochnaithe a bheith déanta air sa Tuirc. Chuige sin, rinne an Coimisiún anailís go sonrath ar chomhlíonadh na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán, go háirithe:
- ar cuireadh tús leis an oibríocht chóimeála/chríochnaithe, nó ar tháinig méadú mór uirthi, ón tráth a tionscnaíodh an t-imscrúdú frithdhumpála, nó díreach roimhe, agus an ón tír atá faoi réir na mbeart iad na páirteanna lena mbaineann, agus
  - an 60 % nó níos mó de luach iomlán pháirteanna an táirge chóimeáilte iad na páirteanna agus ar lú ná 25 % den chostas monaraíochta breisluach na bpáirteanna a tugadh isteach, le linn na hoibríochta cóimeála nó críochnaithe.

### 2.2. Comhar agus stádas na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin

- (45) Mar a shonraítear in aithris (38), d'iarr cúig chuideachta arna mbunú sa Tuirc go ndéanfaí iad a dhíolmhú ó na bearta, dá ndéanfaí iad a leathnú chun an Tuirc a chumhdach.
- (46) Measadh nár tháirgeoirí onnmhairiúcháin trí cinn díobh, Saritas, UCAS agus AST. Tar éis na hanailíse ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil ina n-iarrataí faoi seach, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, cé go raibh na cuideachtaí páirteach i gceannachán agus athdhíol an táirge faoi imscrúdú, níor tháirg ná níos mhonaraigh siad é. Ceannaíodh an táirge faoi imscrúdú ó eintitis eile, arb iad na táirgeoirí iarbhír iad. Ní fhéadfaí na cuideachtaí sin, dá dhroim sin, a aicmiú mar tháirgeoirí. Déantar foráil in Airteagal 13(4) den bhun-Rialachán don fhéidearthacht go ndéanfadh táirgeoirí amháin iarratas ar dhíolúine ó leathnú na ndleachtanna frithdhumpála. Léiríodh é sin freisin in aithris (27) de Rialachán tionscnaimh, inar sonraíodh go sainráite nach féidir na díolúintí a dheonú ach ar tháirgeoirí an táirge faoi imscrúdú sa Tuirc. Ó tharla nár suíodh gur táirgeoirí iad na cuideachtaí sin, ní raibh siad i dteideal dá bhrí sin iarratas a dhéanamh ar dhíolúine.
- (47) Maidir le Poyraz, fuair a Coimisiún freagra rí-easnamhach ina raibh mórfháirteanna den fhreagra ceistneora san fhoirm éilimh díolúine in easnamh ina n-iomláine nó neamhiomlán. Tar éis litir easnaimh, chuir an chuideachta isteach freagra ina raibh an fhaisnéis is gá fós rí-easnamhach nó in easnamh ar fad. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl don chuideachta go raibh sé i gceist aige fíorais a bhí ar fáil a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 18(1) den bhun-Rialachán i gcás ina bhfuil cinneadh á dhéanamh maidir lena raibh nó nach raibh an chuideachta sin ina

táirgeoir de réir bhrí Airteagal 13(4) den bhun-Rialachán. Ina fhreagra, mhínigh an chuideachta an chúis nár sholáthair sí faisnéis níos iomláine agus thug sí cuireadh don Choimisiún níos mó sonraí a bhailiú ag a n-áitreabh. Níor chuir an chuideachta isteach aon fhaisnéis bhreise a réitigh nó a chomhlánaigh na páirteanna easnamhacha dá freagra ceistneora.

- (48) Cibé chomh neamhiomlán, deimhníodh sa fhreagra go raibh cornaí SSHR á gceannach ag Poyraz den chuid is mó san Indinéis, agus á n-athdhíol ansin (b'fhéidir gearrtha agus méid orthu) go páirteach ar mhargadh an Aontais. Cé nach raibh an chuideachta in ann costais an chlaochlaithe, más ann dó, a sholáthar don Choimisiún, ná liostuithe díolachán mionsonraithe chuig an Aontas, is léir ón bhfreagra go raibh an táirge lena mbaineann á cheannach agus á athdhíol ag Poyraz. Sa mhéid nach bhféadfaí a mheas gur táirgeoir é Poyraz de réir bhrí Airteagal 13(4) den bhun-Rialachán agus dá bhrí sin níorbh fhéidir leo tairbhí de dhíolúine. Dá bhrí sin, díúltaíodh don iarraidh ar dhíolúine.
- (49) Chomhoibrigh Çolakoğlu le linn an imscrúdaithe ar fad trí fhoirmeacha éilimh ar dhíolúine a chur isteach agus freagraí a sholáthar ar litreacha easnaimh a seoladh chuige. Dá thoradh sin, bhí an leibhéal comhair ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Tuirc réasúnta ard, toisc gurbh é [88 % go 93 %] d'iomlán mhéid na n-allmhairí ón Tuirc le linn na tréimhse tuairiscithe a bhí i méid onnmhairí tuairiscithe SSHR Çolakoğlu go dtí an tAontas, mar a tuairiscíodh i staitisticí allmhairiúcháin Eurostat.
- (50) Is ag áitreabh Çolakoğlu a rinne an Coimisiún cuairt fíorúcháin, de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán. D'allmhairigh Çolakoğlu beagnach a phríomhábhar ionchuir ar fad (leaca cruach dosmálta) ón Indinéis.
- (51) Chomhoibrigh allmhaireoir agus úsáideoir an Aontais freisin agus sholáthair sé faisnéis maidir le ceannach leaca cruach dosmálta na hIndinése, an próiseáil ina dhiaidh sin sa Tuirc agus allmhairí SSHR isteach san Aontas. D'iarr Marcegaglia go gcaithfí leis mar tháirgeoir onnmhairiúcháin. Thug sé údar lena iarraidh bunaithe ar chineál a oibríochtaí ó bhí sé páirteach i gceannach leaca ón Indinéis, iad a theorolladh ina dhiaidh sin faoi chomhaontú dolaphróiseála le Çolakoğlu sa Tuirc, agus ina dhiaidh sin na cornaí (SSHR) a allmhairiú isteach san Aontas. Dá réir sin, ba é Marcegaglia úinéir na n-amhábhar (leaca) agus an táirge deiridh (SSHR) le linn na hoibríochta ar fad, a deimhníodh san imscrúdú. Ach, mar gheall gur tharla na gníomhaíochtaí táirgthe/próiseála iarbhrí ag áitreabh Çolakoğlu (7) sa Tuirc, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhféadfaí a mheas go raibh Marcegaglia ina tháirgeoir onnmhairiúcháin a bheadh i dteideal díolúine a iarradh.

### 2.3. Athrú ar an ngréasán trádála

#### 2.3.1. Allmhairí SSHR

- (52) Léirítear i dTábla 1 thíos an fhorbairt atá tagtha ar allmhairí SSHR ón Indinéis agus ón Tuirc sa tréimhse imscrúdaithe.

Tábla 1

#### Allmhairí SSHR go dtí an tAontas sa tréimhse imscrúdúcháin (i dtonnaí)

	2018	2019	2020	2021	Tréimhse tuairiscithe
An Indinéis	44 647	81 041	3 695	105 784	128 191
innéacs (bonn = 2018)	100	182	8	237	287
An Tuirc	1 611	2 137	21 500	33 236	50 015
innéacs (bonn = 2018)	100	133	1 335	2 064	3 106

Foinse: Eurostat

(7) Maidir le conclúid chomhchosúil féach an Cinneadh ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2012 lenar cuireadh deireadh leis na himeachtaí frithdhumpála a bhaineann le hallmhairiú táirgí áirithe próitéine soighe dlúithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 168, 28.6.2012, lch. 38), aithris (79).

- (53) Léirítear i dTábla 1 gur tháinig méadú ar mhéid allmhairí SHHR ón Tuirc isteach san Aontas ó 1 611 tonna in 2018 go 50 015 tonna sa tréimhse tuairiscithe. Tharla an méadú ba suntasaí ar mhéid na n-allmhairí idir 2019 agus 2020, tráth a iolraíodh an méid breis agus 10 n-uaire, ó 2 137 dtonna in 2019 go 21 500 tonna in 2020. Tharla an méadú sin i gcomhthráth le tionscnamh an imscrúdúcháin bunaidh, i mí Lúnasa 2019, agus le forchur beart críochnaitheach i mí Dheireadh Fómhair 2020. Ó 2020 i leith leanadh go tréan den mhéadú ar mhéid na n-allmhairí ón Tuirc agus sroicheadh 50 015 tonna le linn na tréimhse tuairiscithe. Go foriomlán, méadaíodh méid na n-allmhairí ón Tuirc níos mó ná faoi 30 le linn na tréimhse imscrúdúcháin.
- (54) An tráth céanna, tháinig méadú ar allmhairí SSHR ón Indinéis ó 44 647 dtonna in 2018 go 128 191 tonna sa tréimhse tuairiscithe. Tháinig méadú 82 % ar mhéid na n-allmhairí ó 2018 go 2019. Ó 2018 go 2020, le linn an imscrúdúcháin bunaidh, tháinig laghdú suntasach ar mhéid na n-allmhairí SSHR ón Indinéis. In 2020 laghdaíodh méid na n-allmhairí go dtí níos lú ná aon fhichiú amháin den mhéid a bhí ann in 2019. Ó 2021 go dtí an tréimhse tuairiscithe tháinig feabhas ar mhéid na n-allmhairí SSHR ón Indinéis agus thosaigh siad ag méadú arís (breis agus 50 %) i gcomparáid leis na leibhéil a bhí ann in 2019. Go foriomlán, ba bheag nár méadaíodh méid na n-allmhairí SSHR ón Indinéis isteach san Aontas faoi thrí le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ach ba lú suntasacht an mhéadaithe sin, i dtéarmaí coibhneasta, ná méadú na n-allmhairí ón Tuirc.

### 2.3.2. Méideanna allmhairí de leaca cruach dosmálta ón Indinéis chuig an Tuirc

- (55) Léirítear i dTábla 2 thíos an fhorbairt a tháinig ar mhéid na n-allmhairí de leaca cruach dosmálta ón Indinéis chuig an Tuirc, ar bhonn staidreamh allmhairiúcháin na Tuirce ó bhunachar sonraí Global Trade Atlas (GTA) <sup>(8)</sup>.

Tábla 2

#### Allmhairí leac cruach dosmálta ón Indinéis go dtí an Tuirc sa tréimhse imscrúdúcháin (i dtonnaí)

	2018	2019	2020	2021	Tréimhse tuairiscithe
An Indinéis	0	6 368	14 172	60 684	40 513
innéacs (bonn = 2019)	0	100	223	953	636

Foinse: GTA

- (56) Is iad leaca cruach dosmálta an príomhábhar ionchuir chun earraí SSHR a tháirgeadh. Déantar tuilleadh próiseála ar an ábhar ionchuir sin ansin, is é sin teorolladh, chun SSHR a tháirgeadh. Léiríodh leis an bhfianaise a bhí ar fáil don Choimisiún gur ó leaca cruach dosmálta a táirgeadh earraí SSHR a onnmhairíodh go dtí an tAontas ón Tuirc.
- (57) Léirítear i dTábla 2 gur tháinig méadú substaintiúil ar na hallmhairí leac cruach dosmálta ón Indinéis go dtí an Tuirc ó nialas in 2018 go 40 513 thonna sa tréimhse tuairiscithe. Ba ionann na hallmhairí as an Indinéis agus tuairim is 99,9 % de mhéid iomlán na n-allmhairí leac cruach dosmálta go dtí an Tuirc gach bliain ó 2019 go dtí an tréimhse tuairiscithe. Thairis sin, tharla an méadú suntasach ar allmhairí leac cruach dosmálta ón Indinéis go dtí an Tuirc i gcomhthráth freisin le tús soláthar Çolakoğlu dá chustaiméir de chuid an Aontais (Marcegaglia) is é sin ó 2019 i leith, rud a raibh tomhaltas méadaithe leac cruach dosmálta sa Tuirc le haghaidh tháirgeadh earraí SSHR mar thoradh air. Ina theannta sin, shuigh an Coimisiún gur ag áitreabh Çolakoğlu a shroich iomlán na leac cruach dosmálta ón Indinéis isteach sa Tuirc.
- (58) Léiríodh leis an méadú suntasach a tháinig ar mhéideanna na n-allmhairí cruach dosmálta ón Indinéis go dtí an Tuirc go raibh éileamh méadaitheach ar ábhair ionchuir den sórt sin sa Tuirc, rud arb fhéidir é a mhíniú, cuid mhaith, leis an méadú ar tháirgeadh agus ar onnmhairí SSHR ón Tuirc le linn na tréimhse tuairiscithe. Comhthacaíodh leis sin freisin leis an bhfianaise a sholáthair Çolakoğlu.

<sup>(8)</sup> <https://www.gtis.com/gta/>

- (59) Tar éis an nochta, mhaígh Çolakoğlu nár athraíodh an gréasán trádála, ós rud é gur méadaíodh allmhairí ón Indinéis agus nár cuireadh allmhairí SSHR ón Tuirc in ionad allmhairí SSHR ón Indinéis. Mhaígh Çolakoğlu freisin, ó tharla nárbh ann d'ionadú allmhairí, nár chloígh an Coimisiún leis an gcleachtas is gnách leis nuair a shuigh sé go raibh athrú tagtha ar an ngréasán trádála.
- (60) Thug an Coimisiún dá aire nach gceanglaítear, faoi Airteagal 13 den bhun-Rialachán, go ndéanfaí ionadú iomlán ar allmhairí ón tír atá faoi réir beart le hallmhairí ó fhoinsí eile chun athrú ar an ngréasán trádála a shuí. Chomh maith leis sin, níor chlaon conclúid an Choimisiúin faoin athrú ar an ngréasán trádála ón gcleachtas is gnách leis an gCoimisiún, ós rud é gur suíodh, i gcásanna roimhe sin freisin, gur ann d'athrú ar an ngréasán trádála, d'ainneoin méadú a bheith tagtha ar allmhairí ón tír a bhí faoi réir bearta frithdhumpála <sup>(9)</sup>.

### 2.3.3. Conclúid maidir leis an athrú ar an ngréasán trádála

- (61) Cé nár cuireadh allmhairí SSHR ón Tuirc in ionad allmhairí ón Indinéis, áit ar tharla méadú freisin, suíodh san imscrúdú gur rinneadh próiseáil bhreise sa Tuirc ar mhéideanna suntasacha leac cruach dosmálta, arna n-allmhairiú ón Indinéis, lena n-allmhairiú go dtí an tAontas níos déanaí. De réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán, b'ionann an t-athrú ar an ngréasán trádála idir an Tuirc agus an tAontas, mar aon leis an méadú suntasach ar onnmhairí leac cruach dosmálta ón Indinéis isteach sa Tuirc sa tréimhse imscrúdúcháin, mar a léirítear i dTábla 2, agus an méadú ar onnmhairí SSHR ón Tuirc chuig an Aontas, mar a fheictear i dTábla 1.

## 2.4. Cleachtas, próiseas nó obair nach ann do chúis chúí ná bonn cirt eacnamaíoch leordhóthanach ina leith seachas an dleacht frithdhumpála a fhorchur

- (62) Nochtadh san imscrúdú gur ann do chomhaontú dola idir Marcegaglia agus Çolakoğlu faoinar cheannaigh Marcegaglia leaca cruach dosmálta ón Indinéis, faoinar sheol seisean chuig an Tuirc iad chun go ndéanfaí Çolakoğlu iad a phróiseáil a thuilleadh chun SSHR a dhéanamh díobh, le go n-allmhairíodh Marcegaglia isteach san Aontas ag pointe níos déanaí iad. Rinneadh an comhaontú dola sin a chaibidlíú ag deireadh 2018, sular cuireadh tús leis an imscrúdú bunaidh.
- (63) Taispeántar i dTábla 3 éabhlóid na n-onnmhairí SSHR ó Çolakoğlu go dtí an tAontas, a tháinig faoin gcomhaontú dola le Marcegaglia.

Tábla 3

### Onnmhairí SSHR ó Çolakoğlu go dtí an tAontas (i dtonnaí)

	2018	2019	2020	2021	RP
Onnmhairí SSHR ó Çolakoğlu go dtí an tAontas	0	5–10	10 000–15 000	25 000–30 000	40 000–50 000

Foinse: sonraí cuideachtaí arna bhfíorú

- (64) Léirítear i dTábla 3 gur tháinig méadú substaintiúil ar onnmhairí Çolakoğlu, ó nialas in 2018 go breis agus 40 000 tonna sa tréimhse tuairiscithe.
- (65) Nochtadh san imscrúdú freisin gur faoin gcomhaontú dola le Marcegaglia a rinneadh beagnach iomlán na n-onnmhairí ó Çolakoğlu go dtí an tAontas. Ar an gcaoi chéanna, rinne Çolakoğlu beagnach iomlán na leac a allmhairíodh ón Indinéis isteach sa Tuirc a chlaochlú go dtí SSHR tuilleadh faoin gcomhaontú dola a bunaíodh idir an dá chuideachta.

<sup>(9)</sup> Féach, mar shampla, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/302 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2022 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492, arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/776, ar allmhairí fabraicí snáthíní gloine fite agus/nó fuaithe áirithe (“GFF”) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (“an tSín”) chun allmhairí GFF arna gcur chun bealaigh ó Mharacó a chumhdach, bíodh sé dearbhairte gur de thionscnamh Mharacó iad nó ná bíodh, agus lena bhfoirceantar an t-imscrúdú a bhaineann le himchéimniú féideartha na mbeart frithdhumpála a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492 ar allmhairí GFF de thionscnamh na hÉigipte, i gcás allmhairí arna gcur chun bealaigh ó Mharacó, bíodh sé dearbhairte gur de thionscnamh Mharacó iad nó ná bíodh (IO L 46, 25.2.2022, lch. 49), aithrisí (50)–(54).

- (66) Cé go bhféadfadh sé go raibh cúiseanna eile leis an scéim a bhunú, seachas na bearta a bhí i bhfeidhm, i.e. chun slándáil soláthair a áirithiú do Marceaglia, agus soláthar a dhéanamh don mhargadh cruach dosmálta sa Tuirc, léirítear go tréan trí bhíthin gnéithe eile go raibh nasc le forchur na ndleachtanna i gceist:
- Níor tháinig an comhaontú dola i réim go hiomlán sular cuireadh tús leis an imscrúdú bunaidh, cé go raibh an chaibidlíocht ina leith déanta sular cuireadh tús leis an imscrúdú bunaidh.
  - Níor méadaíodh an cleachtas faoin gcomhaontú dola go substaintiúil go dtí tar éis thús an imscrúdúcháin bunaidh agus méadaíodh go suntasach é tar éis fhorchur na mbeart críochnaitheach.
- (67) Thug an Coimisiún dá aire gur bunaíodh an comhaontú dola d'fhonn soláthar a dhéanamh do mhargadh an Aontais agus ní do mhargadh baile na Tuirce. I ndáiríre, dhíol Çolakoğlu níos lú ná 2 % de SSHR, arna dtáirgeadh ó leaca a allmhairíodh ón Indinéis, ar mhargadh baile na Tuirce.
- (68) Rinne an Coimisiún anailís freisin ar mhaíomh Marceaglia gur bunaíodh an comhaontú dola chun slándáil an tsoláthair a áirithiú, toisc gur méadaíodh an t-éileamh go suntasach agus nach raibh an tionsclaíocht san Aontais in ann freagairt dó. Maidir leis sin suíodh nár cuireadh tús le méideanna suntasacha oibríochtaí cóimeála/críochnaithe sa Tuirc go dtí tar éis tús a bheith curtha leis an imscrúdú bunaidh in aghaidh na hIndinése. Ní hamháin gur bhain an comhaontú le soláthar ón Tuirc a áirithiú, ach, mar gheall ar an mbaint le cúrsaí dola, gur díródh go sonrach ann ar an soláthar sin a bhunú ar leaca cruach dosmálta ón Indinéis – an tír a bhí faoi bhearta. Thairis sin, ba é táirgeoir Indinéseach na leac cruach dosmálta an soláthróir SSHR freisin. De ghnáth, ní bhogann duine aon chéim amháin suas i slabhra luacha an tsoláthóra chomhtháite cheartingearaigh dá chuid ar mhaithe le slándáil soláthair. Ach amháin, ar ndóigh, i gcás gurb ionann an bhagairt a dtugtar aghaidh uirthi agus bearta ionchasacha lena ndéanfaí difear don chéim níos ísle sa slabhra luacha sin – sa chás seo an dleacht frithdhumpála ar allmhairí SSHR ón Indinéis.
- (69) Tar éis an nochta, mhaígh Marceaglia agus Çolakoğlu nach raibh a ngaol gnó ag brath ar an dleacht frithdhumpála in aghaidh allmhairí SSHR ón Indinéis a bheith ann. D'áitigh an dá chuideachta gur roimh thús an imscrúdaithe bunaidh a rinneadh an comhaontú idir Marceaglia agus Çolakoğlu a chaibidliú, agus go raibh gaol gnó idir an dá chuideachta le fada an lá, ar cuireadh tús leis breis agus 10 mbliana ó shin. Ba chuid de chomhaontú níos leithne é an comhaontú dola dá gcuid, a ndéanadh Çolakoğlu táirgí cruach dosmálta a phróiseáil dá réir mar aon le táirgí cruach carbóin.
- (70) Thug an Coimisiún dá aire, cé gur chuir sé faoi chaibidil go raibh gaol gnó idir Marceaglia agus Çolakoğlu le breis agus 10 mbliana agus go raibh sé líomhnaithe go raibh an comhaontú dola eatarthu mar chuid de chomhaontú níos leithne, mar a luaitear in aithris (66) thuas freisin, nár tháinig bun iomlán ar an gcleachtas atá faoi réir an imscrúdaithe seo i.e. an cleachtas leaca cruach dosmálta ón Indinéis a phróiseáil ina SSHR sa Tuirc, ar allmhairíodh go dtí an tAontas ina dhiaidh sin iad sular cuireadh tús leis an imscrúdú bunaidh. Méadaíodh an cleachtas tar éis thús an imscrúdaithe bunaidh agus méadaíodh go suntasach arís é tar éis fhorchur na mbeart críochnaitheach. Is é sin le rá gur tharla tús an chleachtais i gceist, d'ainneoin an ghaoil fhadtéarmaigh, i gcomhthráth le tús an imscrúdúcháin bunaidh agus forchur na mbeart dá éis, agus níor tháinig bun ar an gcleachtas ag aon chéim níos luaithe. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.
- (71) Mhaígh Çolakoğlu go raibh bonn cirt eacnamaíoch nasctha le héileamh a bhí ann ar SSHR ón Tuirc, san Aontas Eorpach agus sa Tuirc araon. Mar gheall ar an éileamh sin, bheadh bonn cirt le hinfheistíochtaí a rinneadh roimh thús an imscrúdaithe bunaidh, a raibh sé i gceist leo táirgeadh SSHR sa Tuirc a fhorbairt.
- (72) Thug an Coimisiún dá aire ag an tús, maidir leis an gcleachtas ar cinneadh ina leith go raibh sé ag sárú na ndleachtanna frithdhumpála a bhí i bhfeidhm, nárbh ionann é agus táirgeadh SSHR sa Tuirc dá réir sin. Maidir leis an gcleachtas ar suíodh gur sárú é, is éard a bhí i gceist leis leaca cruach dosmálta a allmhairiú ón Indinéis isteach sa Tuirc, iad a rolladh chun SSHR a dhéanamh díobh agus iad a dhíol ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, cibé an raibh bonn cirt eacnamaíoch leis na hinfheistíochtaí i bhforbairt na hinniúlachta nó nach raibh, ba chuma ó thaobh chinneadh an Choimisiúin de gur ann d'imchéimniú. Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire, cé gur fhorbair Çolakoğlu an inniúlacht chun a chuid leac cruach dosmálta féin a tháirgeadh sa Tuirc, bhí an táirgeadh sin an-teoranta. I ndáiríre, mar a chuirtear in iúl in aithris (91) thíos, ba ionann, sa tréimhse tuairiscithe, leaca de

thionscnamh na Tuirce agus níos lú ná 0,5 % de na leaca a d'úsáid Çolakoğlu chun SSHR a onnmhairíodh go dtí an tAontas a tháirgeadh. Dá bhrí sin, gan beann ar cibé an raibh cúiseanna leis na hinfheistíochtaí a rinne Çolakoğlu i saoráidí táirgthe cruach seachas na bearta a shárú nó nach raibh, níor úsáideadh na hinfheistíochtaí i gceist chun SSHR a sholáthar don Aontas ar táirgeadh é ó leaca de thionscnamh na Tuirce toisc go raibh beagnach iomlán na n-onnmhairithe ó Çolakoğlu bunaithe ar SSHR a táirgeadh ó leaca ón Indinéis le linn na tréimhse tuairiscithe. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

- (73) Tar éis an nochta, mhaígh Marcegaglia go raibh bonn cirt eacnamaíoch ann de bharr na samhla gnó dá chuid, a bhí bunaithe, ar an gcéad dul síos, ar éagsúlú na bhfoinsí soláthair agus, ar an dara dul síos, ar an ngá a bhí le solúbthacht chun plé le hinfhaighteacht SSHR sa mhargadh ag brath ar luaineacht an éilimh sa mhargadh ar tháirgí iartheachtacha. Ós rud é go raibh teorainn le hinfhaighteacht SSHR dubh ar mhargadh an Aontais, lena n-áirítear ó allmhairí ó thríú tíortha, líomhnaíodh go raibh bonn cirt le straitéis Marcegaglia leaca cruach dosmálta a cheannach ón Indinéis lena bpróiseáil ina SSHR dubh trí chomhaontuithe dola. Thairis sin, d'áitigh Marcegaglia nár thug an Coimisiún aghaidh ar an bhfioras go bhfuil an inniúlacht is mó leac cruach dosmálta ar domhan ag an Indinéis agus go bhfuil sí toilteanach, neamhchosúil le tíortha eile, na cainníochtaí leac atá de dhíth ar Marcegaglia agus an cháilíocht atá de dhíth uirthi a sholáthar. Líomhnaítear go ndíríonn tíortha eile ar SSHR nó go mbíonn an-éileamh acu ar tháirgí iartheachtacha.
- (74) Thug an Coimisiún dá aire, agus an tsamhail ghnó a dtugtar tuairisc uirthi thuas á meas aige, nach ndearnadh neamhbhailí na háitimh a leagtar amach thuas in aithrisí (65) go (67) de bharr an mhaímh sin. Chomh maith leis sin, ní raibh SSHR ón Indinéis ar fáil ar mhargadh an Aontais tar éis íocaíocht na ndleachtanna frithdhumpála, rud a léiríodh leis an méadú a tháinig ar allmhairí ón Indinéis. Ina theannta sin, níorbh ann d'aon fhianaise nach ndéanfaí difear leis an luaineacht a líomhnaíodh i leith infhaighteacht táirgí iartheachtacha ach amháin d'infhaighteacht SSHR, ach ní d'infhaighteacht a ionchuir réamhtheachtaigh is gaire, na leaca cruach dosmálta, rud ba chúis le flúirse na leac ón Indinéis agus ganntanas SSHR ón Indinéis. Thairis sin, ní raibh aon fhianaise taobh thiar den líomhain nach raibh na tíortha eile uile, ach amháin an Indinéis, in ann cainníochtaí leordhóthanacha de leaca ardcháilíochta a sholáthar do Marcegaglia nó nach raibh siad toilteanach sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.
- (75) Tar éis an nochta, d'áitigh Marcegaglia gur deimhníodh, leis na hinfheistíochtaí suntasacha a rinne Marcegaglia le déanaí, go raibh bonn cirt eacnamaíoch leis an gcomhaontú dola le Çolakoğlu. I mí Eanáir 2023 fuair Marcegaglia muileann cruach sa Ríocht Aontaithe. Mhaígh Marcegaglia gurb é an gá a bhí le héadail an ghléasra chun leaca cruach dosmálta a tháirgeadh ná an gá le foinse dhúis iontaoifa agus sheasmhach de sholáthar SSHR a dhaingniú. Ós rud é, áfach, go dtáirgtear leaca cruach dosmálta sa mhúileann a fuair sé, ach nach bhfuil saoráidí teorollta ann, d'áitigh Marcegaglia go mbeadh comhpháirtíocht le gléasra eile de dhíth air amach anseo chun na leaca cruach dosmálta arna dtáirgeadh sa Ríocht Aontaithe a phróiseáil ina SSHR, bíodh an comhpháirtí sin laistigh den Aontas nó taobh amuigh de. Maidir leis sin, tá sé cruthaithe ag Çolakoğlu gur comhpháirtí iontaoifa agus éifeachtúil é arbh fhéidir é a úsáid chun leaca arna dtáirgeadh sa Ríocht Aontaithe a phróiseáil ina SSHR freisin. Ina theannta sin, chuir Marcegaglia in iúl nach mbeifí ag súil le hallmhairí breise leac SSHR ón Indinéis amach anseo toisc go mbeadh sé féin in ann a éileamh ar leaca cruach dosmálta a chomhlíonadh roimh i bhfad trí bhíthin leaca a tháirgeadh sa Ríocht Aontaithe.
- (76) Mheas an Coimisiún go bhféadfadh athrú teacht ar fhoinsí soláthair leac cruach dosmálta go luath amach anseo mar gheall ar an méid a thit amach le déanaí. Tharla an éadail i mí Eanáir 2023, áfach, i.e. tar éis na tréimhse tuairiscithe, agus níor bhain aon ráthaíocht léi faoi cé acu a thiocfadh nó nach dtiocfadh deireadh leis an gcleachtas imchéimniúcháin a suíodh nó cathain a thiocfadh deireadh leis.
- (77) Maidir leis an líomhain go dtiocfaidh athrú ar chúinsí amach anseo, thug an Coimisiún dá aire go bhféadfadh Marcegaglia nó Çolakoğlu a iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú faoi Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán, bliain amháin tar éis leathnú na mbeart, ar an mbeart frith-imchéimniúcháin, i gcás ina mbeadh an t-athrú de chineál leantach. Ar ndóigh, d'fhéadfaí athrú den sórt sin a nascadh le ceannach leac cruach dosmálta a tháirgtear sa Ríocht Aontaithe a chur in ionad ceannach leac cruach dosmálta ón Indinéis, ar choinníoll gur féidir a thaispeáint go mbeadh athrú den sórt sin de chineál leantach.
- (78) I bhfianaise na ngnéithe sin uile, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh cúis chaoi ná bonn cirt leordhóthanach ann i ndáil le haon ní seachas an dleacht a fhorchur, le haghaidh na hoibríochta críochnaithe a rinne Çolakoğlu. Tharla an t-athrú ar an ngréasán trádála mar gheall ar an bhfioras gur thosaigh an oibríocht tar éis tús a bheith curtha leis an imscrúdú bunaidh agus gur tháinig méadú substaintiúil uirthi ina dhiaidh sin.



## 2.5. Tús a chur le hoibríochtaí nó méadú mór orthu

- (79) Ceanglaítear le hAirteagal 13(2)(a) den bhun-Rialachán frithdhumpála go mbeidh tús curtha leis an oibríocht chóimeála nó chríochnaithe nó méadú mór a bheith tagtha uirthi, ón tráth a cuireadh tús leis an imscrúdú frithdhumpála, nó go díreach roimhe, agus gur ón tír atá faoi réir na mbeart frithdhumpála iad na páirteanna ábhartha go príomha.
- (80) Mar a dtugtar tuairisc air sin i Roinn 2.4 thuas, mhéadaigh Çolakoğlu a dhíolachán onnmhairithe go substaintiúil le linn na tréimhse imscrúdaithe, agus allmhairíodh beagnach iomlán cheannacháin an phríomhábhair ionchuir, leaca cruach dosmálta, ón Indinéis.
- (81) Dá bhrí sin, ba é conclúid an Choimisiúin gur tháinig méadú mór ar an oibríocht chóimeála nó chríochnaithe ón tráth a tionscnaíodh an t-imscrúdú bunaidh, mar a cheanglaítear le hAirteagal 13(2)(a) den bhun-Rialachán.

## 2.6. Luach na bpáirteanna agus an breisluach

- (82) Sonraítear in Airteagal 13(2)(b) den bhun-Rialachán, a mhéid a bhaineann sé le hoibríochtaí cóimeála nó críochnaithe, gur coinníoll eile chun an t-imchéimniú a shuíomh is ea gur 60 % nó níos mó de luach iomlán pháirteanna an táirge chóimeáilte iad na páirteanna ó na tíortha atá faoi réir beart agus gur lú ná 25 % den chostas monaraíochta é breisluach na bpáirteanna a thugtar isteach, le linn na hoibríochta cóimeála nó críochnaithe.
- (83) Tar éis an nochtta, d'athdhearbhaigh Çolakoğlu a mhaíomh nach dtagann an cleachtas, próiseas ná obair faoi réir bhrí Airteagail 13(1) agus 13(2) den bhun-Rialachán ós rud é go bhfuil an táirge atá faoi imscrúdú, SSHR, neamhchosúil lena ábhar ionchuir, leaca cruach dosmálta. Aicmítear leaca faoi cheanteidil taraife atá neamhchosúil le ceanteidil SSHR toisc go mbíonn na hoibríochtaí próiseála substaintiúil agus go dtugtar tionscnamh neamh-fhabhrach Turcach do SSHR leo. Chomh maith leis sin, d'áitigh Çolakoğlu nár thángthas ar aon chomhaontú ar leibhéal na hEagraíochta Domhanda Trádála ó thaobh an imchéimnithe de, cé gurb í an Eagraíocht Dhomhanda Trádála a rialaíonn na rialacha i ndáil le tionscnamh. Dá bhrí sin, le cinneadh go leathnófar na bearta atá ann cheana chun allmhairí SSHR ón Tuirc a chumhdach, bhainfí an bonn de sheasamh an Aontais mar thathantóir treorach i gcóineasú na trádála domhanda. Ina theannta sin thagair Çolakoğlu do chás *Steel Wire Ropes and Cables (India)* <sup>(10)</sup>, a raibh an bharúil ina leith ag an gCoimisiún go raibh na rialacha i ndáil le tionscnamh neamhfhabhrach ábhartha ó thaobh cinneadh a dhéanamh cé acu a bhí feidhm ag na dleachtanna frithdhumpála nó nach raibh.
- (84) Mheas an Coimisiún nach mbaineann aicmiú taraife agus tionscnamh an táirge atá faoi imscrúdú agus a phríomhábhair ionchuir le hábhar, ná an t-athrú orthu sin, chun a chinneadh cibé an bhfuil imchéimniú i gceist le hoibríocht cóimeála/chríochnaithe nó nach bhfuil. Is é Airteagal 13 den bhun-Rialachán an bunús dlí le haghaidh imscrúdú frith-chéimnithe, agus ní reachtaíocht custaim maidir le tionscnamh. Ar ndóigh, mhaígh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gurb é an t-aon chuspóir le Rialachán lena leathnaítear dleacht frithdhumpála éifeachtacht na dleachta sin a áirithiú agus cosc a chur ar imchéimniú na dleachta sin <sup>(11)</sup>. Chun measúnú a dhéanamh ar imchéimniú a d'fhéadfadh a bheith ann a dtugtar tuairisc air in aithris (82), rinne an Coimisiún anailís, dá bhrí sin, ar cibé ar comhlíonadh na critéir a leagtar amach in Airteagal 13(2)(b) den bhun-Rialachán nó nár comhlíonadh iad. Rinne sé anailís go háirithe ar cibé arb ionann agus 60 % nó níos mó de luach iomlán pháirteanna an táirge chóimeáilte iad na páirteanna nó nárbh ionann agus cibé ar lú ná 25 % de na costais mhonaraíochta é breisluach na bpáirteanna a tugadh isteach le linn na hoibríochta cóimeála nó críochnaithe nó nár lú. Chomh maith leis sin, cé gur admhaigh Comhaltaí na hEagraíochta Domhanda Trádála gur ann d'fhadhb imchéimniú ó na mbeart frithdhumpála <sup>(12)</sup>, ní ann d'aon rialail aonfhoirmeach ar leibhéal na hEagraíochta Domhanda Trádála lena ndéanfaí rialacha an Aontais maidir leis sin neamhréireach. Ar deireadh, níor bhain an Cinneadh ón gCoimisiún a dtugair Çolakoğlu dó le cur i bhfeidhm Airteagal 13 dá réir sin, ach le bailiú dleachtanna frithdhumpála i gcás neamh-chomhlíontacht le téarmaí gnóthais. Thairis sin, rinneadh soiléiriú leis an gcásdlí ar úsáid "ó" seachas "de thionscnamh" in Airteagal 13 den bhun-Rialachán go dtugtar le fios gur "roghnaigh an tAontas Eorpach d'aon toil go bhfanadh sé amach ó rialacha tionscnaimh faoin reachtaíocht custaim agus, dá bhrí sin, go bhfuil brí féinrialaitheach agus leithleach leis an gcoincheap "ó" [...] nach bhfuil combhionann leis an gcoincheap "tionscnamh" faoin reachtaíocht custaim" <sup>(13)</sup>. Diúltaíodh, dá bhrí sin, an maíomh.

<sup>(10)</sup> Cinneadh 2006/38/CE ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2005 lena leasaítear Cinneadh 1999/572/CE ón gCoimisiún ag glacadh le gealltanais arna dtairiscint i ndáil le himeachtaí frithdhumpála maidir le hallmhairí téad agus cáblaí de shreang cruach ar de thionscnamh, *inter alia*, na hIndia iad (IO L 22, 26.1.2006, lch. 54), aithrisí (42)–(44).

<sup>(11)</sup> Breithiúnas an 12 Meán Fómhair 2019, *An Coimisiún v Kolachi Raj Industrial*, C-709/17 P, ECLI:EU:C:2019:717, mír 96 agus an cásdlí a luaitear.

<sup>(12)</sup> Comhaontú Maothlach Uragua, Cinneadh maidir le Frith-imchéimniú.

<sup>(13)</sup> Breithiúnas an 12 Meán Fómhair 2019, *An Coimisiún/Kolachi Raj Industrial*, C-709/17 P, AE:C:2019:717, mír 90.

## 2.6.1. Luach na bpáirteanna

- (85) Is iad leaca cruach dosmálta an príomhábhar ionchuir chun SSHR a tháirgeadh. Allmhairíodh beagnach 100 % de na leaca cruach dosmálta a phróiseáil Çolakoğlu ón Indinéis. Rinneadh na leaca cruach dosmálta sin a phróiseáil tuilleadh trí phróiseas teorollta a rinneadh, arb oibríocht chríochnaithe sa Tuirc í. De réir na faisnéise a chuir Çolakoğlu isteach agus a d'fhíoraigh sí, b'ionann na leaca cruach dosmálta agus beagnach 100 % de luach iomlán pháirteanna an táirge chóimeáilte/chríochnaithe de réir bhrí Airteagal 13(2)(b) den bhun-Rialachán.
- (86) Tar éis an nochta, d'athdhearbhaigh Çolakoğlu a mhaíomh nach ionann SSHR a mhonarú as leaca cruach dosmálta agus "páirteanna á gcóimeáil ag oibríocht chóimeála" de réir bhrí Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán, ós rud é nach mbíonn ach páirt amháin i dtáirgeadh SSHR. D'áitigh sí freisin go mba cheart tagairtí do "bailchríoch a chur ar oibríochtaí" in Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán a léamh i gcomhthéacs an breisluach a chuirtear leo i ndiaidh don chóimeáil a bheith chríochnaithe. Dá bhrí sin, agus ós rud é nach raibh na hoibríochtaí a rinne Çolakoğlu cáilithe mar oibríocht chóimeála, níor comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(2)(a) agus 13(2)(b) den bhun-Rialachán, de réir Çolakoğlu.
- (87) Dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin. An cleachtas ar a dtugtar tuairisc in aithris (82), rinneadh é a mheas mar oibríocht chríochnaithe a tháinig faoi choincheap na n-oibríochtaí cóimeála faoi Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán, dá dtagraítear in aithris (44) freisin. Ina theannta sin, measadh eilimintí eile, mar a mhínítear thíos.
- (88) Ní shainmhínítear leis an mbun-Rialachán na téarmaí "oibríocht chóimeála" ná "oibríocht chríochnaithe". Mar sin féin, an bealach a cumadh Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán frithdhumpála, tá sé i bhfabhar léirmhíniú ar an téarma "oibríocht chóimeála" mar, de réir Airteagal 13(2)(b) den bhun-Rialachán frithdhumpála, léirmhíniú a bhfuil sé i gceist leis "oibríocht chríochnaithe" a chuimsiú go sainráite freisin. Rud a leanann as sin is ea go bhfuil sé i gceist le "hoibríocht chóimeála" de réir bhrí Airteagal 13(2) go gcumhdófaí léi ní hamháin oibríochtaí lena gcuimsítear páirteanna de ní comhchodach a chóimeáil, ach oibríochtaí a bhféadfadh próiseáil bhreise a bheith i gceist leo i.e. bailchríoch a chur ar tháirge.
- (89) Mar a luaitear in aithris (84), is é cuspóir na n-imscrúduithe a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 13 den bhun-Rialachán go n-áiritheofar éifeachtacht na ndleachtanna frithdhumpála agus go gcoiscfeadh imchéimniú na ndleachtanna sin. Dá dhroim sin, is é cuspóir Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán frithdhumpála go gcuimseofar na cleachtais, próisis nó oibreacha lena n-úsáidtear páirteanna ar páirteanna ón tír iad go príomha atá faoi réir na mbeart agus lena ndéantar na páirteanna sin a chóimeáil nó a chríochnú trí luach teoranta a chur leo.
- (90) Tar éis an nochta, mhaígh Çolakoğlu nár tháinig SSHR a táirgeadh leis na leaca de thionscnamh na Tuirce faoi raon feidhme an imscrúdaithe. Dá bhrí sin, níor cheart baint a bheith ag leathnú na mbeart le SSHR a táirgeadh le leaca de thionscnamh na Tuirce ach le leaca SSHR a táirgeadh san Indinéis amháin. Mhaígh Çolakoğlu freisin gur féidir le húdaráis chustaim náisiúnta tionscnamh a sheiceáil ós rud é gur ann do bhealach inmharthana agus praiticiúil chun a fhíorú gur de thionscnamh na Tuirce é an SSHR. Go sonrach, má fhaightear Deimhniú EUR.1, lena ndeonaítear tionscnamh fabhrach, ba cheart go soláthrófaí urrús leis lena ngabhfaí ráthaíochtaí leordhóthanacha gur ó leaca de thionscnamh na Tuirce a próiseáladh an SSHR lenar bhain sé.
- (91) Foráiltear le hAirteagal 13(1) den bhun-Rialachán maidir le leathnú na ndleachtanna chun allmhairí an táirge chomhchosúil ó thríú tíortha a chumhdach má chomhlíontar na coinníollacha. De bhun Airteagal 13(4) is féidir díolúintí ó leathnú na mbeart a dheonú do tháirgeoirí an táirge lena mbaineann, ar tháirgeoirí iad a cinneadh ina leith nach bhfuil siad ag gabhail do chleachtais imchéimnithe. Sam anailís dá chuid, bhí ceanglas ar an gCoimisiún na díolacháin uile leis an Aontas den táirge faoi imscrúdú, arna ndéanamh ag an tháirgeoir onnmhairiúcháin i gceist, a chur san áireamh, lena n-áirítear iad siúd a monaraíodh as leaca de thionscnamh na Tuirce, agus ní hamháin díolacháin an táirge a monaraíodh as leaca ón Indinéis. Maidir leis sin, deimhníodh leis an imscrúdú gur onnmhairigh Çolakoğlu SSHR go dtí an tAontas ar monaraíodh as leaca ón Indinéis den chuid is mó é. Go sonrach, suíodh leis an imscrúdú, maidir le SSHR a d'onnmhairigh Çolakoğlu go dtí an tAontas le linn na tréimhse tuairiscithe, nárbh ionann agus [20 – 200] tonna as [40 000 – 50 000] tonna SSHR a táirgeadh le leaca de thionscnamh na Tuirce, méid arbh ionann é ar a leibhéal uasta agus 0,5 % de na páirteanna. Dá réir sin, b'ionann na páirteanna agus na leaca cruach dosmálta a allmhairíodh ón Indinéis le linn na tréimhse tuairiscithe agus breis agus 99,5 % de na páirteanna uile a úsáideadh i dtáirgeadh iomlán SSHR. Dá dheasca sin, diúltaíodh don mhaíomh.

- (92) Tar éis an nochta, d'áitigh Çolakoğlu gur sáraíodh cearta na cosanta dá cuid, go háirithe Airteagal 6(7) den bhun-Rialachán agus Airteagal 296 CFAE toisc gur bhain a iarraidh bunaidh ar dhíolúine ní hamháin le SSHR a táirgeadh le leaca ón Indinéis ach, go leithleach, freisin le SSHR a táirgeadh le leaca de thionscnamh na Tuirce. De réir Çolakoğlu, níor tugadh aghaidh ar an gné sin sa nochtadh.
- (93) Mar a cuireadh in iúl in aithris (85) thuas, faoi Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán, baineann an leathnú le hallmhairí an táirge chomhchosúil ó thríú tíortha agus le hAirteagal 13(4) foráiltear maidir le díolúintí le haghaidh “[t]áirgeoirí [...] nach bhfuil páirteach sna cleachtais imchéimnithe”. Luaigh an Coimisiún sa doiciméad nochta gur chuir sé na leaca uile a phróiseáil Çolakoğlu san áireamh chun an critéar 60 % a mheasúnú, agus gur ón Indinéis a allmhairíodh beagnach 100 % de na leaca cruach dosmálta a phróiseáil Çolakoğlu. Dá réir sin, b'ionann na leaca sin agus beagnach 100 % de luach iomlán pháirteanna an táirge chóimeáilte/chríochnaithe de réir bhrí Airteagal 13(2)(b) den bhun-Rialachán. Bunaithe ar an measúnú sin, cinneadh go raibh Çolakoğlu ag gabháil do chleachtais imchéimnithe de réir bhrí Airteagal 13(4) den bhun-Rialachán agus dá bhrí sin nárbh fhéidir díolúine a dheonú dó de bhun na forála sin. Ina theannta sin, tar éis an nochta, in aithris (91) thuas, dheimhnigh an Coimisiún nach mór SSHR a táirgeadh ó leaca de thionscnamh na Tuirce a chur san áireamh san anailís dá chuid agus nárbh fhéidir é a eisiamh ó raon feidhme an imscrúdaithe. Dá thoradh sin, mheas an Coimisiún gur urramaíodh cearta cosanta Çolakoğlu ina n-iomláine agus dhiúltaigh sé an maíomh.
- (94) Ba é conclúid an Choimisiúin dá bhrí sin gur comhlíonadh an critéar 60 % a leagtar amach in Airteagal 13(2)(b) den bhun-Rialachán.

#### 2.6.2. Breisluach

- (95) Cinneadh gur lú an meán-bhreislúach a suíodh le linn na tréimhse tuairiscithe ná 5 %, is é sin i bhfad níos lú ná na tairseach 25 % a leagtar síos le hAirteagal 13(2)(b) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, ba é conclúid an Choimisiúin gur lú an luach atá curtha leis an pháirteanna a tógadh isteach, le linn na hoibríochta cóimeála nó críochnaithe, ná 25 % den chostas monaraíochta, mar a cheanglaítear le hAirteagal 13(2)(b) den bhun-Rialachán lena fhágáil go bhfuil imchéimniú i gceist leis na hoibríochtaí sin.

#### 2.7. An bonn a bhaint d'éifeacht cheartaitheach na dleachta frithdhumpála

- (96) I gcomhréir le hAirteagal 13(1) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún ar bhain allmhairí an táirge faoi imscrúdú, ó thaobh cainníochtaí agus praghsanna de araon, an bonn d'éifeachtaí ceartaitheacha na mbearta atá i bhfeidhm faoi láthair.
- (97) Bunaithe ar shonraí fíoraithe Çolakoğlu agus Marcegaglia a cuireadh isteach, d'onnmhairigh Çolakoğlu 40 000 – 50 000 tonna le linn na tréimhse tuairiscithe. An tráth céanna, ba é meastachán an iarratasóra maidir le tomhaltas na gceart díola san Aontas gurb ionann é agus tuairim agus 1 200 000 tonna le haghaidh na tréimhse tuairiscithe. Dá bhrí sin, b'ionann an sciar den mhargadh do na hallmhairí ón Tuirc agus thart ar 4 % de thomhaltas na gceart díola san Aontas le linn na tréimhse tuairiscithe agus breis agus 3 % de thomhaltas na gceart díola san Aontas a suíodh sa tréimhse imscrúdaithe bunaidh. Ina theannta sin, mar a shuigh an Coimisiún, bhí inniúlacht bhreise shubstainteach i muileann teorollta Çolakoğlu, d'fhéadfadh an chuideachta a méideanna onnmhairiúcháin a mhéadú go mór sa todhchaí.
- (98) Maidir le praghsanna, rinne an Coimisiún comparáid idir an meánphraghas neamhdhíobhálach, mar a suíodh san imscrúdú bunaidh é, agus na meánphraghsanna ualaithe onnmhairiúcháin (costas, árachas agus last-táille) a cinneadh ar bhonn staidreamh Eurostat, arna gcoigeartú go cuí chun costais iar-imréitigh a áireamh. Bhain an Coimisiún úsáid as staidreamh Eurostat ós rud é go raibh na hidirbhearta idir Çolakoğlu agus Marcegaglia bunaithe ar chomhaontú dola, arb ionann iad, mar sin, agus táille ar sheirbhís nár léiríodh praghas margaidh inti. Léiríodh leis an gcomparáid sin idir praghsanna gur díoladh na hallmhairí ó Çolakoğlu ar phraghas a bhí breis agus 13 % ní b'isle ná praghsanna an Aontais.
- (99) Tar éis an nochta mhaígh Marcegaglia, Çolakoğlu agus Rialtas Phoblacht na Tuirce nach raibh aon éifeacht cheartaitheach ag na bearta, arbh ann dóibh cheana, maidir le hallmhairí ón Indinéis lena bhféadfaí, ós rud é gur méadaíodh na hallmhairí ón Indinéis, dochar a dhéanamh dóibh mar gheall ar allmhairí ón Tuirc, a bhí i bhfad níos lú i ndearbhtéarmaí.
- (100) Mhaígh Çolakoğlu freisin, dá mba rud é go raibh dochar á dhéanamh do na héifeachtaí ceartaitheacha mar gheall ar aon allmhaire, nach iad allmhairí SSHR ón Tuirc a bheadh i gceist, ach na hallmhairí leac ar líomhnaíodh ina leith go raibh siad á bpróiseáil ina SSHR san Aontas i bhfianaise na méideanna i bhfad níos airde atá ann.

- (101) Mheabhraigh an Coimisiún dó, cé go raibh méid na n-allmhairí leac ón Indinéis isteach san Aontas níos mó ar ndóigh, ná méid allmhairí SSHR ón Tuirc, níor athraíodh leis sin, áfach, an cinneadh a rinneadh de bharr an imscrúdaithe go raibh dochar á dhéanamh d'éifeachtaí ceartaitheacha na mbeart mar gheall ar allmhairí SSHR ón Tuirc, is é sin gurab ionann na hallmhairí sin agus breis agus 4 % den tomhaltas iomlán san Aontas le linn na tréimhse tuairiscithe agus gur díoladh iad ag praghsanna a bhí 13 % ní ba lú ná praghsanna an Aontais. Ina theannta sin, níor tugadh le fios, cé gur leanadh le hallmhairí SSHR ón Indinéis, go raibh na bearta bunaidh neamhéifeachtúil. Ar ndóigh, níorbh é cuspóir na mbeart allmhairí a bhaint, ach an iomaíocht a dhéanamh níos cothroime. Leanadh le hallmhairí SSHR ón Indinéis isteach sa Aontas agus méadaíodh iad fiú, ach tá siad faoi réir dleachta a bhfuil sé i gceist léi éifeacht dumpála díobhálaí a bhaint.
- (102) Maidir leis na hallmhairí leac ón Indinéis isteach san Aontas, thug an Coimisiún dá aire gur chuma, ó thaobh an chinnidh maidir leis an gcás i dtrácht, faoi cibé arb ann do thosca eile lena bhféadfaí dochar a dhéanamh d'éifeacht cheartaitheach na mbeart nó nach ann dóibh. Ina theannta sin, ní cheanglaítear ar an gCoimisiún le hAirteagal 13(1) den bhun-Rialachán anailís a dhéanamh ar thosca eile, más ann dóibh, lena bhféadfaí dochar a dhéanamh tuilleadh d'éifeacht cheartaitheach na dleachta.
- (103) Tar éis an nochta, mhaígh Marcegaglia, i bhfianaise a mhargaidh theoranta, nach ndearnadh dochar le hallmhairí SSHR dubha ón Tuirc d'éifeacht cheartaitheach na mbeart atá i bhfeidhm in aghaidh allmhairí SSHR de chuid na hIndinése.
- (104) Mar a luaitear in aithris (12), thug an Coimisiún dá aire san imscrúdú bunaidh gur thángthas ar an gconclúid go bhfuil na saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha bunúsacha céanna ag cornaí dubha agus bána, go bhfuil siad san iomaíocht in aghaidh a chéile agus go dtagann siad faoi raon feidhme an táirge. Diúltaíodh, dá bhrí sin, don mhaíomh.
- (105) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, ba é conclúid an Choimisiúin go raibh dochar déanta do na bearta atá ann cheana ó thaobh cainníochtaí agus praghsanna de leis na hallmhairí ón Tuirc atá faoi réir an imscrúdaithe sin.

### 2.8. Fianaise maidir le dumpáil

- (106) I gcomhréir le hAirteagal 13(1) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún scrúdú freisin féachaint an ann d'fhianaise maidir le dumpáil i ndáil leis na gnáthluachanna a suíodh roimhe sin don táirge comhchosúil.
- (107) Chuige sin, rinne an Coimisiún comparáid idir na meánphraghsanna allmhairiúcháin ón Tuirc, bunaithe ar staidreamh Eurojust, agus na gnáth-luachanna a suíodh le linn an imscrúdaithe bunaidh, arna gcoigeartú mar gheall ar phraghas breise chornaí SSHR san Indinéis mar a thuairiscítear i mbunachair sonraí phoiblí <sup>(14)</sup>. Léiríodh leis an gcomparáid idir gnáth-luachanna agus praghsanna onnmhairiúcháin gur onnmhairíodh SSHR ar phraghsanna dumpáilte le linn na tréimhse tuairiscithe.

### 3. BEARTA

- (108) Ar bhonn na gcinntí thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur imchéimníodh an dleacht frithdhumpála a fhorchuirtear ar allmhairí SSHR de thionscnamh na hIndinése le hallmhairí an táirge atá faoi imscrúdú a choinsínigh Çolakoğlu ón Tuirc.
- (109) I bhfianaise leibhéal an chomhair a bheith ard, ós rud é gurab ionann na díolacháin onnmhairí tuairiscithe de chuid Çolakoğlu agus [88 % go 93 %] de na méideanna iomlána allmhairí ón Tuirc isteach san Aontas le linn na tréimhse tuairiscithe, agus nár tháinig aon táirgeoir eile Turcach, de réir bhrí Airteagal 13(4) den bhun-Rialachán chun tosaigh ag iarraidh díolúine, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh na cinntí i leith cleachtais imchéimnithe maidir le Çolakoğlu ionadaíoch maidir leis na hallmhairí uile ón Tuirc.
- (110) Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 13(1) den bhun-Rialachán, ba cheart na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm ar allmhairí SSHR de thionscnamh na hIndinése a leathnú chun allmhairí an táirge faoi imscrúdú a chumhdach.

<sup>(14)</sup> Thóg an Coimisiún mar thagairtí an méadú a tháinig ar phraghsanna chornaí SSHR san Áise Thoir, de réir Metal Bulletin, ina gcumhdaítear an chuid is mó de phraghsanna SSHR ón Indinéis. Deimhníodh an méadú céanna ar phraghsanna le sonraí GTA ar allmhairí SSHR ón Indinéis feadh an domhain.

- (111) De bhun Airteagal 13(1), an dara mír den bhun-Rialachán, ba cheart gurb é an beart a bhunaítear in Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1408 an beart atá le leathnú i gcás “gach cuideachta eile”, ar dleacht frithdhumpála chinntitheach 17,3 % é is infheidhme maidir leis an nglanphraghas, saor ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc.
- (112) De bhun Airteagal 13(3) den bhun-Rialachán, lena bhforáiltear gur cheart feidhm a bheith ag aon bheart a leathnaítear maidir le hallmhairí a tháinig isteach san Aontas faoi chlárú arna fhorchur leis an Rialachán tionscnaimh, tá dleachtanna le bailiú i leith na n-allmhairí cláraithe sin arb allmhairí an táirge atá faoi imscrúdú iad.

#### 4. IARRAIDH AR DHÍOLÚINE

- (113) Mar a dtugtar tuairisc air thuas, suíodh go raibh Çolakoğlu páirteach i gcleachtais imchéimnithe. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir díolúine de bhun Airteagal 13(4) den bhun-Rialachán a dheonú don chuideachta sin.
- (114) Mar a luaitear i Roinn 2.2 thuas, measadh nach táirgeoirí onnmhairiúcháin iad Saritas, UCAS ná AST, agus dá bhrí sin nach bhfuil siad i dteideal iarratas a dhéanamh ar dhíolúine. Ar an gcaoi chéanna, mar gheall ar an bhfreagra easnamhach uaidh, ní raibh an Coimisiún in ann a shuí cibé an raibh Poyraz ina tháirgeoir dílis nó nach raibh agus mar sin ní raibh sé incháilithe le haghaidh díolúine.
- (115) I bhfianaise a bhfuil thuas níor cheart aon cheann de na cuideachtaí a dhíolmhú ó leathnú na mbeart.

#### 5. NOCHTADH

- (116) An 30 Eanáir 2023, chuir an Coimisiún na fíorais agus na breithnithe fíor-riachtanacha as ar eascair na conclúidí thuas in iúl do na páirtithe leasmhara uile agus d'iarr sé orthu a mbarúlacha a thabhairt. Fuarthas barúlacha ó Çolakoğlu, Marcegaglia agus Rialtas Phoblacht na Tuirce agus breithníodh orthu go cuí.
- (117) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, tá siad i gcomhréir le tuairim an Choiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

1. Leis seo, leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach arna forchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1408 ar allmhairí táirgí cothrom-rollta de chruach dhosmálta, bídis i gcornaí nó ná bídis (lena n-áirítear táirgí gearrtha san fhad iomchuí agus stiallacha cúnga), gan oibriú breise déanta orthu seachas teo-rolladh agus cé is moite de tháirgí nach bhfuil i gcornaí, ar leithead 600 mm nó níos mó, agus ar tiús is mó ná 10 mm, de thionscnamh na hIndinése, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine, chun go gcumhdófar allmhairí táirgí cothrom-rollta de chruach dhosmálta, bídis i gcornaí nó ná bídis (lena n-áirítear táirgí gearrtha san fhad iomchuí agus stiallacha cúnga), gan oibriú breise déanta orthu seachas teo-rolladh agus cé is moite de tháirgí nach bhfuil i gcornaí, ar leithead 600 mm nó níos mó, agus ar tiús is mó ná 10 mm, a aicmítear faoi láthair faoi chóid HS 7219 11, 7219 12, 7219 13, 7219 14, 7219 22, 7219 23, 7219 24, 7220 11 agus 7220 12, arna gcur chun bealaigh ón Tuirc, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Tuirce iad nó bíodh (cóid TARIC 7219 11 00 10, 7219 12 10 10, 7219 12 90 10, 7219 13 10 10, 7219 13 90 10, 7219 14 10 10, 7219 14 90 10, 7219 22 10 10, 7219 22 90 10, 7219 23 00 10, 7219 24 00 10, 7220 11 00 10, agus 7220 12 00 10).
2. Is í an dleacht a leathnaítear an dleacht frithdhumpála 17,3 % arb infheidhme í maidir le “gach cuideachta eile” san Indinéis (cód breise TARIC C999).
3. Baileofar an dleacht a leathnaítear le míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo i gcás allmhairí arna gclárú i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1310.
4. Mura sonraítear a mhalairt, na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna, beidh feidhm ag na forálacha sin.

*Airteagal 2*

Ordaítear do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1310, a aisghairtear leis seo.

*Airteagal 3*

Na hiarrataí ar dhíolúine a rinne Saritas Celik San.ve tic. A.S.,Üças Paslanmaz Çelik iç ve tic. A.S., AST Turkey Metal Sanayi ve tic. A.S., Poyraz Paslanmaz Sanayi ve diş ticaret Limited Sirk agus Çolakoğlu Metalurji A.Ş, diúltaítear do na hiarrataí sin.

*Airteagal 4*

1. Déanfar iarrataí ar dhíolúine ón dleacht a leathnaítear le hAirteagal 1 i scríbhinn i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus ní mór do dhuine atá údaraithe le hionadaíocht a dhéanamh ar an eintiteas atá ag iarraidh na díolúine na hiarrataí a shíniú. Ní mór an iarraidh a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:

European Commission  
Directorate-General for Trade  
Directorate G Office:  
CHAR 04/39  
1049 Bruxelles/Brussel  
BELGIQUE/BELGIË

2. I gcomhréir le hAirteagal 13(4) de Rialachán (AE) 2016/1036, féadfaidh an Coimisiún a údarú go ndíolmhófar allmhairí ó chuideachtaí nach n-imchéimníonn na bearta frithdhumpála arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1408, ón dleacht a leathnaítear le hAirteagal 1.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Aibreán 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

**RIALACHÁN (AE) 2023/826 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 17 Aibreán 2023**

**lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta maidir le hídiú leictreachais móid “as”, móid fuireachais, agus móid fuireachais líonra trealamh tí agus oifige leictreach agus trealamh tí agus oifige leictreonach de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1275/2008 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 107/2009 ón gCoimisiún**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta maidir le táirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Faoi Threoir 2009/125/CE tá an Coimisiún le ceanglais éicidhearthóireachta a leagan síos maidir le táirgí a bhaineann le fuinneamh agus a bhfuil an-díol agus an-trádáil orthu san Aontas Eorpach, a bhfuil tionchar mór acu ar an gcomhshaol agus a bhfuil deis mhór ann, tríd an dearadh, feabhas a chur orthu ó thaobh an tionchair atá acu ar an gcomhshaol gan costas ró-mhór a bheith ag baint leis sin.
- (2) I dTeachtaireacht COM(2016) 773 <sup>(2)</sup> leagtar amach na tosaíochtaí oibre faoin gcreat éicidhearthóireachta agus lipéadaithe fuinnimh le haghaidh 2016-2019. Leagtar amach i bplean oibre éicidhearthóireachta 2016 na grúpaí táirgí a bhaineann le fuinneamh is gá a mheas mar thosaíochtaí chun tabhairt faoi staidéir ullmhúcháin agus chun bearta cur chun feidhme a ghlacadh, agus déantar foráil maidir le hathbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 1275/2008 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>.
- (3) Tá ídiú fuinnimh trealamh tí agus oifige leictreach agus trealamh tí agus oifige leictreonach sa mhód “as”, sa mhód fuireachais agus sa mhód fuireachais líonra ar cheann de na bearta a liostaítear sa Teachtaireacht, agus meastar go mbeidh coigilteas bliantúil 4 TWh fuinnimh ann faoi 2030 dá bharr, rud a chomhfhreagraíonn do laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa 1,36 milliún tona de choibhéis CO<sub>2</sub>.

<sup>(1)</sup> IO L 285, 31.10.2009, lch. 10.

<sup>(2)</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Samhain 2016, Plean Oibre Éicidhearthóireachta 2016-2019, COM(2016) 773 final.

<sup>(3)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1275/2008 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2008 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2005/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais éicidhearthóireachta i dtaca le hídiú cumhachta leictirí trealamh tí agus oifige leictreach agus trealamh tí agus oifige leictreonach sa mhód fuireachais, sa mhód ‘as’ agus sa mhód fuireachais líonra (IO L 339, 18.12.2008, lch. 45).

- (4) Leag an Coimisiún síos i Rialachán (CE) Uimh. 1275/2008 ceanglais éicidhearthóireachta maidir le hídiú fuinnimh trealamh tí agus oifige leictreach agus trealamh tí agus oifige leictreonach sa mhód “as” sa mhód fuireachais, mar aon le ceanglais bhreise maidir le hídiú fuinnimh sa mhód fuireachais líonra i Rialachán (AE) Uimh. 801/2013 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>. Faoi na Rialacháin sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na ceanglais éicidhearthóireachta i bhfianaise an dul chun cinn teicneolaíochta.
- (5) Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 1275/2008 agus rinne sé anailís ar na gnéithe teicniúla, comhshaoil agus eacnamaíocha a bhaineann le hídiú fuinnimh trealamh tí agus oifige leictreach agus trealamh tí agus oifige leictreonach sa mhód “as”, sa mhód fuireachais, agus sa mhód fuireachais líonra, chomh maith le hiompar fíorshaoil úsáideoirí. Rinneadh an t-athbhreithniú i ndlúthchomhar le geallsealbhóirí agus páirtithe leasmhara ón Aontas agus ó thríú tíortha. Cuireadh torthaí an athbhreithnithe ar fáil don phobal agus cuireadh iad faoi bhráid an Fhórait Comhairliúcháin arna bhunú le hAirteagal 18 de Threoir 2009/125/CE.
- (6) Léiríonn an t-athbhreithniú an tairbhe a bhaineann le ceanglais leanúnacha fheabhsaithe, ceanglais atá curtha in oiriúint don dul chun cinn teicneolaíoch, maidir le hídiú fuinnimh trealamh tí agus oifige leictreach agus trealamh tí agus oifige leictreonach sa mhód “as”, sa mhód fuireachais, agus sa mhód fuireachais líonra.
- (7) Maidir le hídiú fuinnimh bliantúil trealamh tí agus oifige leictreach agus trealamh tí agus oifige leictreonach sa mhód “as”, sa mhód fuireachais, agus sa mhód fuireachais líonra, atá faoi réir an Rialacháin seo, rinneadh meastachán san athbhreithniú ar an ídiú fuinnimh bliantúil sin san Aontas agus is é 23,8 milliún tona astaíochtaí gás ceaptha teasa de choibhéis CO<sub>2</sub>. I gcás “gnó mar is gnách”, meastar go dtiocfaidh laghdú ar an ídiú fuinnimh faoi 2030, go príomha mar gheall ar chur i bhfeidhm de réir a chéile na gceanglas éicidhearthóireachta a tugadh isteach le Rialachán (AE) Uimh. 801/2013. Meastar, áfach, go gcuirfear moill ar an laghdú sin mura ndéanfar na ceanglais éicidhearthóireachta is infheidhme a thabhairt cothrom le dáta.
- (8) Ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a theorannú do tháirgí a chomhfhreagraíonn do threalamh tí agus oifige a bheartaítear a úsáid sa timpeallacht tí, trealamh a chomhfhreagraíonn do threalamh d’aicme B mar a leagtar amach i gcaighdeán EN 55022:2010 i gcás trealamh teicneolaíochta faisnéise.
- (9) Ba cheart modhanna oibríochta nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo, amhail mód ACPI S3 ríomhairí, a mheas i mbearta cur chun feidhme táirgeshonracha faoi Threoir 2009/125/CE.
- (10) Ba cheart ceanglais maidir leis an mód “as”, an mód fuireachais agus mód fuireachais líonra a leagan amach i mbearta cur chun feidhme táirgeshonracha faoi Threoir 2009/125/CE, i gcás inar féidir, agus sainiúlachtaí gach grúpa táirgí á gcur san áireamh mar aon leis an bhféidearthacht laghdaithe breise ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus fuinnimh a sholáthar.
- (11) Maidir le táirgí ag a bhfuil soláthairtí cumhachta seachtraí ísealvoltais, táirgí a bhí díolmhaithe ó raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1275/2008 le Rialachán (CE) Uimh. 278/2009 ón gCoimisiún <sup>(5)</sup>, tá na táirgí sin ag athrú go tapa ó thaobh a bhfeidhmiúlachtaí de agus tá an líon díobh a chuirtear ar mhargadh an Aontais ag dul i méad. Ba cheart, dá bhrí sin, iad a áireamh i raon feidhme an Rialacháin seo chun coigilteas breise fuinnimh a áirithiú agus chun cothrom iomaíochta a sholáthar do mhonaróirí.
- (12) Táirgí a oibrítear le ceallra inaistrithe, ag a bhfuil ciorcad athluchtaithe is gá a phlugaíl isteach lena n-athluchtú, ba cheart iad a chumhdach leis an Rialachán seo mar gheall go mbraitheann siad ar ionchur fuinnimh ón bhfoinse phríomhlíonra cumhachta.
- (13) Táirgí ag a bhfuil ciorcad athluchtaithe, ina n-ídítear an chumhacht sa mhód “as” agus sa mhód fuireachais nuair nach ndéantar an ceallra a athluchtú, ba cheart iad a áireamh i raon feidhme an Rialacháin seo chun coigilteas fuinnimh a áirithiú.

<sup>(4)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 801/2013 ón gCoimisiún an 22 Lúnasa 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1275/2008 a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta maidir le hídiú cumhachta leictirí trealamh tí agus oifige leictreach agus trealamh tí agus oifige leictreonach sa mhód fuireachais, sa mhód ‘as’, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 642/2009 a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta maidir le teilifíseáin (IO L 225, 23.8.2013, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 278/2009 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2009 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2005/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta i dtaca le hídiú cumhachta leictirí sa staid gan lód meánéifeachtúlacht ghníomhach ag soláthair sheachtracha cumhachta (IO L 93, 7.4.2009, lch. 3).



- (14) Trealamh priontála a ghineann aschur priontáilte ar pháipéar nó ar mheán eile ó ionchur leictreonach, ba cheart é a chumhdach sa Rialachán seo chun coigilteas fuinnimh a áirithiú, ach ba cheart trealamh priontála tríthoisí a eisiáimh ón Rialachán seo faoi láthair.
- (15) Maidir le boscaí bairr simplí a chumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh. 107/2009, ní cuid shuntasach den mhargadh iad a thuilleadh agus ba cheart a n-ídiú cumhachta sa mhód fuireachais agus sa mhód “as” atá fágtha a chumhdach leis an Rialachán seo. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 107/2009 <sup>(6)</sup> ón gCoimisiún a aisghairm.
- (16) Bíonn troscáin inchoigeartaithe a oibrítear le mótar go leictreonach, agus eilimintí foirgnimh a oibrítear le mótar, sa mhód “as”, sa mhód fuireachais agus sa mhód fuireachais líonra ar feadh tréimhsí fada ama agus mar sin tá acmhainneacht shuntasach ann d’ídiú fuinnimh feabhsaithe agus troscáin sna modhanna sin. Ba cheart, dá bhrí sin, iad a áireamh faoi raon feidhme an Rialacháin seo.
- (17) Ba cheart leis na ceanglais éicidhearthóireachta leibhéil ídithe fuinnimh trealamh tí agus oifige leictreach agus trealamh tí agus oifige leictreonach sa mhód “as”, sa mhód fuireachais, agus sa mhód fuireachais a ailíniú ar fud an Aontais. Cuirfidh sé sin le feidhmiú an mhargaidh aonair. Ina theannta sin, ba cheart leis na ceanglais éicidhearthóireachta feidhmíocht chomhshaoil trealamh tí agus oifige leictreach agus trealamh tí agus oifige leictreonach a fheabhsú.
- (18) Ba cheart na paraiméadair táirge ábhartha a thomhas trí úsáid a bhaint as modhanna iontaoifa, cruinne agus in-atáirgthe. Ba cheart é a chur san áireamh sna modhanna sin modhanna tomhais úrscothacha a bhfuil glacadh leo lena n-áirítear, i gcás ina mbeidh fáil orthu sin, caighdeáin chomhchuibhithe arna nglacadh ag na heagraíochtaí caighdeánaithe Eorpacha, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 <sup>(7)</sup>.
- (19) I gcomhréir le hAirteagal 8 de Threoir 2009/125/CE, ba cheart a shonrú sa Rialachán seo na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta is infheidhme.
- (20) D’fhonn éifeachtacht agus inchreidteacht an Rialacháin seo a fheabhsú agus tomhaltóirí a chosaint, maidir le táirgí a dhéanann a bhfeidhmíocht a athrú go huathoibríoch faoi dhálaí tástála agus é mar chuspóir leibhéal níos fabhraí a bhaint amach d’aon cheann de na paraiméadair a shonraítear sna Rialacháin seo, níor cheart cead a thabhairt na táirgí sin a chur ar an margadh.
- (21) I dteannta na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart tagarmharcanna le haghaidh na dteicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil a shainnithint chun faisnéis a chur ar fáil go forleathan agus go héasca maidir le feidhmíocht chomhshaoil táirgí le linn a saolré faoi réir an Rialacháin seo, i gcomhréir le pointe 2 de Chuid 3 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2009/125/CE.
- (22) In athbhreithniú ar an Rialachán seo, ba cheart measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht agus ar éifeachtacht a fhorálacha maidir lena spriocanna a bhaint amach.
- (23) I bhfianaise raon feidhme na gceanglas éicidhearthóireachta modhnaithe nua a leagtar amach sa Rialachán seo, agus chun soiléireacht níos fearr a áirithiú, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1275/2008 a aisghairm.
- (24) Tá na bearta dá bhforáiltear leis an Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a leagtar síos le hAirteagal 19(1) de Threoir 2009/125/CE,

<sup>(6)</sup> IO L 36, 5.2.2009, lch. 8.

<sup>(7)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12).

TAR ÉIS AN RIALACHÁIN SEO A GHLACADH:

### Airteagal 1

#### Ábhar

Bunaítear ceanglais éicidhearthóireachta leis an Rialachán seo maidir le hídiú leictreachais móid “as”, móid fuireachais, agus móid fuireachais líonra i dtaca le trealamh tí agus oifige leictreach agus trealamh tí agus oifige leictreonach a chur ar an margadh nó a chur i mbun seirbhíse.

### Airteagal 2

#### Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “trealamh tí agus oifige leictreach agus trealamh tí agus oifige leictreonach” nó trealamh aon táirge a bhaineann le fuinneamh a liostaítear in Iarscríbhinn II agus a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:
  - (a) tá sé ag brath ar ionchur fuinnimh ón bhfoinse phríomhlíonra cumhachta chun feidhmiú de mar a bhí beartaithe;
  - (b) deartar é lena úsáid le rátáil voltais ainmniúil 250 V nó faoina bhun;
- (2) ciallaíonn “príomhlíonra” an soláthar leictreachais ón eangach de 230 ( $\pm$  10 %) volta srutha ailtéarnaigh ar 50 Hz;
- (3) ciallaíonn “mód fuireachais” staid ina bhfuil an trealamh nasctha leis an bhfoinse phríomhlíonra cumhachta, ina bhfuil an trealamh ag brath ar ionchur fuinnimh ón bhfoinse phríomhlíonra cumhachta chun oibriú mar a bhí beartaithe agus nach soláthraíonn sé ach ceann amháin nó níos na feidhmeanna seo a leanas a d’fhéadfadh feidhmiú ar feadh tréimhse éiginnte:
  - (a) feidhm athghníomhachtúcháin;
  - (b) feidhm athghníomhachtúcháin agus gan ach táscair ar fheidhm athghníomhachtaithe atá ar siúl;
  - (c) taispeáint faisnéise nó stádais;
- (4) ciallaíonn “feidhm athghníomhachtúcháin” feidhm lena soláthraítear lasc, trí chianrialú, braiteoir inmheánach nó uaineadóir, ón mód fuireachais go mód eile, lena n-áirítear mód gníomhach, agus lena soláthraítear feidhmeanna breise;
- (5) ciallaíonn “príomhfhaidhm” feidhm lena soláthraítear na príomhsheirbhísí ar dearadh, ar tástáladh agus ar margáíodh an trealamh ina leith, feidhm a chomhfhreagraíonn don úsáid atá beartaithe don trealamh;
- (6) ciallaíonn “taispeáint faisnéise nó stádais” feidhm leanúnach lena soláthraítear faisnéis nó lena léirítear stádas an trealaímh ar ghléas taispeána, lena n-áirítear cloig. Ní mheastar gur taispeáint stádais é táscaire solais simplí;
- (7) ciallaíonn “mód gníomhach” stádas ina bhfuil an trealamh ceangailte leis an bhfoinse phríomhlíonra cumhachta agus inar gníomhachtaíodh ceann amháin ar a laghad de na feidhmeanna;
- (8) ciallaíonn mód “as” staid ina bhfuil an trealamh ceangailte leis an bhfoinse phríomhlíonra cumhachta agus nach soláthraíonn sé aon fheidhm, nó staid ina soláthraíonn sé an méid seo a leanas amháin:
  - (a) táscair maidir le stádas an mhóid “as”;
  - (b) feidhmiúlachtaí atá ceaptha chun comhoiriúnacht leictreamaighnéadach a áirithiú faoi Threoir 2014/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(8)</sup>;
- (9) ciallaíonn “líonra” bonneagar cumarsáide ag a bhfuil toipeolaíocht nasc, ailtireacht, lena n-áirítear na comhpháirteanna fisiceacha, prionsabail eagraíochtúla, nósanna imeachta agus formáidí cumarsáide (prótacail);

<sup>(8)</sup> Treoir 2014/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le comhoiriúnacht leictreamaighnéadach (IO L 96, 29.3.2014, lch. 79).

- (10) ciallaíonn “fuireachas líonra” staid ina bhfuil an trealamh inar féidir leis an trealamh feidhm a atosú trí bhíthin trucear a thionscnaítear go cianda ó nasc líonra;
- (11) ciallaíonn “trucear a thionscnaítear go cianda” comhartha a thagann ó lasmuigh den trealamh trí líonra;
- (12) ciallaíonn “aitheantóir múnla” cód atá alfa-uimhriúil de ghnáth agus lena ndéantar múnla sonrach de threalamh a dhealú ó mhúnlaí eile a bhfuil an trádmharc céanna nó an t-ainm monaróra, allmhaireora nó ionadaí údaraithe céanna acu;
- (13) ciallaíonn “múnla coibhéiseach” múnla trealaimh a bhfuil na saintréithe teicniúla céanna aige atá ábhartha maidir leis an bhfaisnéis theicniúil atá le soláthar i gcomhréir le hIarscríbhinn II, ach arb é an monaróir, an t-allmhaireoir nó an t-ionadaí údaraithe céanna a chuireann é ar an margadh nó i mbun seirbhíse agus a chuireann múnla trealaimh eile ag a bhfuil aitheantóir múnla difriúil;
- (14) ciallaíonn “luachanna fógartha” na luachanna arna soláthar ag an monaróir, ag an allmhaireoir nó ag an ionadaí údaraithe i leith na bparaiméadar teicniúil dearbhaithe, ríofa nó tomhaiste i gcomhréir le hAirteagal 4, le haghaidh fíorú comhlíontachta ag údaráis na mBallstát.

### *Airteagal 3*

#### **Ceanglais éicidhearthóireachta**

Leagtar amach na ceanglais éicidhearthóireachta in Iarscríbhinn III.

### *Airteagal 4*

#### **Measúnú comhréireachta**

1. Is é a bheidh sa nós imeachta um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 8 de Threoir 2009/125/CE córas rialaithe an dearaidh inmheánaigh a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir sin nó an córas bainistíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir sin.
2. Chun críocha an mheasúnaithe comhréireachta faoi Airteagal 8 de Threoir 2009/125/CE, sa doiciméadacht theicniúil beidh an fhaisnéis a leagtar amach i bpointe 3(b) d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo mar aon le mionsonraí agus torthaí na ríomhanna arna ndéanamh i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.
3. I gcás ina bhfuarthas an fhaisnéis atá san áireamh sa doiciméadacht theicniúil don mhúnla áirithe sin, mar mhalairt:
  - (a) ó mhúnla a bhfuil na saintréithe teicniúla céanna aige atá ábhartha don fhaisnéis theicniúil atá le soláthar i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo ach a tháirgeann monaróir difriúil;
  - (b) trína ríomh ar bhonn dearadh nó eachtarshuíomh múnla eile de chuid an mhonaróra chéanna nó de chuid monaróra eile, nó an dá rud,

sa doiciméadacht theicniúil maidir le múnla áireofar mionsonraí agus torthaí na ríomhanna nó na n-eachtarshuímh, an measúnú a rinne an monaróir chun cruinneas na ríomhanna a fhíorú agus, i gcás inarb iomchuí, an dearbhú céannachta idir múnlaí na monaróirí éagsúla.

Sa doiciméadacht theicniúil beidh liosta de mhúnlaí coibhéiseacha dá dtagraítear sa chéad agus sa dara fomhír, lena n-áirítear na sainaitheantóirí múnlaí.

4. Beidh sa doiciméadacht theicniúil an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn III pointe 3(a) a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 5***Nós imeachta fíorúcháin chun críoch faireachais margaidh**

Déanfaidh údarais na mBallstát an nós imeachta fíorúcháin a leagtar síos in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm nuair a dhéanfaidh siad na seiceálacha faireachais margaidh dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Threoir 2009/125/CE.

*Airteagal 6***Teacht timpeall agus nuashonruithe bogearraí**

Ní chuirfidh an monaróir, an t-allmhaireoir ná an t-ionadaí údaraithe trealamh ar an margadh a dheartar sa chaoi go bhféadfaidh siad tástáil a bhrath, lena n-áirítear trí na dálaí tástála nó an timthriall tástála a aithint, agus gníomhú go sonrach trína bhfeidhmíocht a athrú go huathoibríoch le linn na tástála chun leibhéal níos fabhraí a bhaint amach d'aon cheann de na paraiméadair sa doiciméadacht theicniúil ná na paraiméadair a áirítear in aon cheann de na doiciméid a chuirtear ar fáil.

Ní rachaidh ídiú fuinnimh an trealamh ná aon cheann de na paraiméadair fhógartha eile in olcas tar éis nuashonrú bogearraí ná nuashonrú dochtarraí nuair a dhéantar iad a thomhas leis an gcaighdeán tástála céanna is túisce a úsáideadh le haghaidh an dearbhaithe comhréireachta, ach amháin má thoilíonn an t-úsáideoir amhlaidh go sainráite roimh an nuashonrú. Ní dhéanfar aon athrú ar fheidhmíocht de thoradh diúltú don nuashonrú.

Ní bheidh d'éifeacht ag nuashonrú bogearraí go n-athrófar feidhmíocht an trealamh ar bhealach a fhágann nach gcomhlíontar na ceanglais éicidhearthóireachta is infheidhme maidir leis an dearbhú comhréireachta.

*Airteagal 7***Tagarmharcanna táscacha**

Leagtar amach in Iarscríbhinn VI na tagarmharcanna táscacha maidir leis an trealamh agus leis na teicneolaíochtaí is fearr feidhmíochta a bheidh ar fáil ar an margadh tráth a ghlacfar an Rialachán seo.

*Airteagal 8***Athbhreithniú**

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Rialachán seo i bhfianaise an dul chun cinn teicneolaíochta agus cuirfidh sé torthaí an athbhreithnithe sin faoi bhráid an Fhórait Comhairliúcháin tráth nach déanaí ná an 9 Bealtaine 2027.

Déanfar measúnú san athbhreithniú, go háirithe, ar oiriúnacht na nithe seo a leanas:

- (a) na ceanglais maidir leis an mód fuireachais, an mód “as” agus an mód fuireachais líonra;
- (b) na ceanglais maidir leis an mód fuireachais líonra le haghaidh trealamh HiNA agus trealamh ag a bhfuil feidhmiúlacht HiNA, agus sainiúlacht i gcomparáid le trealamh nach trealamh HiNA é;
- (c) grúpaí táirgí ábhartha eile, lena n-áirítear táirgí a úsáidtear in earnáil na seirbhísí, a áireamh i raon feidhme an Rialacháin seo;
- (d) ceanglais a leagan síos maidir le mód cothabhála luchtairí ceallraí.

*Airteagal 9***Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1275/2008 le héifeacht ón 9 Bealtaine 2025.

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 107/2009 le héifeacht ón 9 Bealtaine 2025.

*Airteagal 10***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 9 Bealtaine 2025. Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 6 an chéad mhír nuair a thiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Aibreán 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

—

## IARSCRÍBHINN I

## SAINMHÍNITHE

- (1) ciallaíonn “trealamh teicneolaíochta faisnéise” aon trealamh arb é an phríomhfheidhm aige sonraí nó teachtaireachtaí teileachumarsáide a ionchur, a stóráil, a thaispeáint, a aisghabháil, a tharchur, a phróiseáil, a lascadh nó a rialú, nó meascán de na feidhmeanna sin, trealamh is féidir a fheistiú le port teirminéil amháin nó níos mó a oibrítear de ghnáth le haghaidh aistriú faisnéise;
- (2) ciallaíonn “timpeallacht tí” timpeallacht ina bhféadfaí a bheith a dréim le húsáid glacadóirí raidió craolacháin agus glacadóirí teilifíse laistigh d’achar 10 m ón trealamh atá i gceist;
- (3) ciallaíonn “port líonra” comhéadan fisiceach sreinge nó gan sreang de chuid an naisc líonra atá suite ar an trealamh agus lenar féidir an trealamh a ghníomhachtú go cianda;
- (4) ciallaíonn “port líonra loighciúil” an teicneolaíocht líonra a fheidhmíonn thar phort líonra fhisicigh;
- (5) ciallaíonn “port líonra fhisicigh” meán fisiceach (crua-earraí) poirt líonra. Is féidir le port líonra fhisicigh dhá theicneolaíocht líonra nó níos mó a óstáil;
- (6) ciallaíonn “inúsáidteacht líonra” an cumas atá ag an trealamh feidhmeanna a atosú tar éis don phort líonra truícear arna thionscnamh go cianda a bhrath;
- (7) ciallaíonn “trealamh líonraithe” trealamh is féidir a cheangal le líonra agus ag a bhfuil port líonra amháin nó níos mó;
- (8) ciallaíonn “trealamh ag a bhfuil inúsáidteacht ard líonra” nó “trealamh HiNA” trealamh ag a bhfuil ceann amháin nó níos mó de na feidhmiúlachtaí seo a leanas mar phríomhfheidhmeanna, ach nach bhfuil aon cheann eile aige: mar ródaire, lasc líonra, pointe rochtana líonra gan sreang, mol, móideim, teileafón VoIP (Prótacal Idirlín Guthaithe), físfóin;
- (9) ciallaíonn “trealamh líonraithe ag a bhfuil feidhmiúlacht inúsáidteachta ard líonra” nó “trealamh ag a bhfuil feidhmiúlacht HiNA” trealamh ag a bhfuil feidhmiúlacht ródaire, lasc líonra, pointe rochtana líonra gan sreang nó teaglaim díobh sin san áireamh, ach nach trealamh HiNA é;
- (10) ciallaíonn “ródaire” gaireas líonra arb é a phríomhfheidhm an chonair optamach a chinneadh, conair ar cheart trácht líonra a chur ar aghaidh uirthi. Cuireann ródairí paiceíd sonraí ar aghaidh ó líonra amháin go líonra eile, de réir faisnéis sraith líonra (L3);
- (11) ciallaíonn “lasc líonra” gaireas líonra arb é a phríomhfheidhm frámaí a scagadh, a chur ar aghaidh agus a dháileadh de réir seoladh cinn scríbe gach fráma. Oibríonn gach lasc sraith an naschta sonraí (L2) ar a laghad;
- (12) ciallaíonn “pointe rochtana líonra gan sreang” gaireas líonra arb é a phríomhfheidhm nascacht IEEE 802.11 (Wi-Fi) a sholáthar do chliaint éagsúla;
- (13) ciallaíonn “mol” gaireas líonra ina bhfuil iliomad port agus a úsáidtear chun deighleáin Líonra Achair Logánta a nascadh;
- (14) ciallaíonn “móideim” gaireas líonra arb é a phríomhfheidhm comharthaí analógacha atá modhnaithe go digiteach a tharchur agus a ghlacadh thar líonra le sreang;
- (15) ciallaíonn “trealamh priontála” trealamh priontála a ghineann aschur priontáilte ar pháipéar nó ar mheán eile ó ionchur leictreonach. D’fhéadfadh trealamh priontála feidhmeanna breise a chur ar fáil, amhail scanadh agus cóipeáil, agus is féidir é a mhargú mar ghaireas ilfheidhmeach nó mar tháirge ilfheidhmeach;

- (16) ciallaíonn “trealamh priontála mórfhormáide” trealamh priontála atá deartha i gcomhair clódóireacht ar mheáin A2 agus ar mheáin níos mó ná sin, lena n-áirítear trealamh atá deartha chun meáin fhoirmiúla leanúnacha atá 406 mm ar a laghad ar leithead a ghlacadh;
- (17) ciallaíonn “meaisín caife tí” trealamh neamhthráchtála chun caife a ghrúdú;
- (18) ciallaíonn “meaisín caife silscagaire tí” meaisín caife tí a dhéanann síothlú chun an caife a eastóscadh;
- (19) ciallaíonn “consól cluichí” trealamh atá deartha chun seinm físchluichí a sholáthar mar phríomhfheidhm. Deartar consól cluichí de ghnáth chun aschur a sholáthar do thaispeáint leictreonach sheachtrach mar phríomh-thaispeáint imeartha agus de ghnáth úsáideann sé rialtáin láimhe nó rialtáin idirghníomhacha eile mar phríomhghaireas ionchuir. I gconsól cluichí, de ghnáth, bíonn láraonaid próiseála, aonaid próiseála grafaicí, cuimhne chórais, agus roghanna stórála inmheánaí sonraí. Meastar gur cineál consól cluichí iad gairis chluichíochta láimhe, a bhfuil taispeáint chomhtháite acu mar phríomh-thaispeáint imeartha cluichí, agus a oibríonn go príomha trí cheallra comhtháite a úsáid nó foinse chumhachta iniompartha eile seachas trí nasc díreach leis an bpríomhlíonra;
- (20) ciallaíonn “troscán inchoigeartaithe a oibrítear le mótar” troscán a bhfuil mótair nó gníomhróirí ann mar aon le haonad rialaithe chun airde, suíomh nó foirm a choigeartú. Is é an t-úsáideoir deiridh a oibríonn na coigeartuithe sin trí rialuithe cáblaithe agus/nó trí rialuithe gan sreang, trí líonra nó rialaítear iad go uathoibríoch trí bhraiteoirí a úsáid;
- (21) ciallaíonn “eilimintí foirgnimh a oibrítear le mótar” trealamh oscailte nó trealamh compoird i bhfoirgnimh, seachas trealamh aerála, trealamh is féidir gluaiseacht nó rothlú, nó an dá rud, trí ionchur ón bhfoinse phríomhlíonra cumhachta a úsáid. Ionchorpraítear mótar leictreach nó gníomhróir agus aonad rialaithe san eilimint foirgnimh a oibrítear le mótar, agus is é an t-úsáideoir deiridh a oibríonn í, nó rialaítear í go uathoibríoch trí bhraiteoirí a úsáid;
- (22) ciallaíonn “gaireas sruthaithe meán” gaireas crua-earraí lena soláthraítear aon ábhar meán thar líonra, bíodh sé ina ábhar beo nó ina ábhar taifeadta, d’úsáideoirí deiridh agus seinntear an t-ábhar san fhíor-am.

## IARSCRÍBHINN II

## LIOSTA TÁIRGÍ A BHAINNEANN LE FUINNEAMH A CHUMHDAÍTEAR LEIS AN RIALACHÁN SEO

1. Fairis a dheartar, a thástáiltear agus a mhargaítear lena n-úsáid sa teach:
  - triomadóirí rothlaim agus triomadóirí éadaí eile;
  - oighinn leictreacha, lena n-áirítear oighinn leictreacha ionchorpraithe i gcócaireáin;
  - iartaí leictreacha agus teophlátaí leictreacha;
  - oighinn mhicreathonnacha;
  - tóstaeir;
  - friochtóirí;
  - meaisíní caife;
  - meilteoirí;
  - trealamh i gcomhar coimeádáin nó pacáistí a oscailt nó a shéalú;
  - sceana leictreacha;
  - fearais eile le haghaidh cócaireachta agus próiseáil eile bia, ullmhú deochanna, glantacháin, cothabháil éadaí, cé is moite de mhiasniteoirí tí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/2022 <sup>(1)</sup> ón gCoimisiún, agus de mheaisíní níocháin tí agus meaisíní niteoir-triomadóirí tí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/2023 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>;
  - fearais i gcomhair gearradh gruaige, triomú gruaige, cóireálacha gruaige, scuabadh fiacla, bearrtha, suathaireachta agus fearais cúraim coirp eile;
  - meánna.
2. Trealamh teicneolaíochta faisnéise atá beartaithe go príomha lena úsáid sa timpeallacht tí, lena n-áirítear trealamh príontála, cé is moite de ríomhairí deisce, ríomhairí deisce comhtháite agus ríomhairí glúine a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 617/2013 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>, freastalaithe agus táirgí stórála sonraí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/424 <sup>(4)</sup> ón gCoimisiún, chomh maith le taispeántí leictreonacha a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/2021 ón gCoimisiún <sup>(5)</sup>.
3. Trealamh tomhaltóirí:
  - raidiúnna;
  - físcamaráí;
  - seinnteoirí físeán;
  - seinnteoirí hi-fi;
  - aimplitheoirí fuaime;
  - callairí fuaime;

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) 2019/2022 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2019 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta maidir le miasniteoirí tí de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1275/2008 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1016/2010 ón gCoimisiún (IO L 315, 5.12.2019, lch. 267).

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2019/2023 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2019 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta maidir le meaisíní níocháin agus meaisíní niteoir-triomadóirí tí de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1275/2008 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1015/2010 ón gCoimisiún (IO L 315, 5.12.2019, lch. 285).

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 617/2013 ón gCoimisiún an 26 Meitheamh 2013 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh ríomhairí agus freastalaithe ríomhairí (IO L 175, 27.6.2013, lch. 13).

<sup>(4)</sup> IO L 74, 18.3.2019, lch. 46

<sup>(5)</sup> Rialachán (AE) 2019/2021 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2019 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta maidir le taispeántais leictreonacha de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1275/2008 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 642/2009 ón gCoimisiún (IO L 315, 5.12.2019, lch. 241).



- córais amharclainne tí;
  - gairis sruthaithe meán;
  - uirlisí ceoil;
  - boscaí bairr casta agus boscaí bairr simplí;
  - trealamh eile i gcomhair fuaim nó íomhánna a thairgeadh nó a atáirgeadh, lena n-áirítear comharthaí nó teicneolaíochtaí eile chun fuaim agus íomhánna a roinnt ar bhealach eile seachas trí theileachumarsáid, ach seachas taispeántí leictreonacha a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/2021 agus teilgeoirí ag a bhfuil meicníochtaí chun na lionsaí a mhalartú le lionsaí eile a bhfuil fad fócasach éagsúil acu.
4. Bréagáin, trealamh fóillíochta agus spóirt:
- traein leictreacha nó foirne gluaisteán rásaíochta;
  - consóil cluichí;
  - trealamh spóirt;
  - bréagáin eile agus trealamh fóillíochta eile.
5. Troscán inchoigeartaithe a oibrítear le mótar:
- deasca airde-inchoigeartaithe;
  - leapacha agus cathaoireacha inardaithe, feistí leighis agus cathaoireacha rothaí;
  - troscán inchoigeartaithe eile a oibrítear le mótar.
6. Eilimintí foirgnimh a oibrítear le mótar:
- comhlaí;
  - dallóga;
  - sciatha;
  - díonbhrait;
  - lúibín coille;
  - cuirtíní;
  - doirse;
  - geataí;
  - fuinneoga;
  - spéirléasacha;
  - eilimintí foirgnimh eile a oibrítear le mótar.
-

## IARSCRÍBHINN III

## CEANGLAIS ÉICIDHEARTHÓIREACHTA

## 1. Ceanglais éifeachtúlachta fuinnimh:

## (a) Ídiú cumhachta sa mhód “as”:

Ní rachaidh ídiú cumhachta trealamh sa mhód “as” thar 0,50 W. Ní Rachaidh ídiú cumhachta trealamh sa mhód “as” thar 0,30 W 2 bhliain tar éis chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

## (b) Ídiú cumhachta sa mhód fuireachais:

Maidir le hídiú cumhachta trealamh in aon staid a sholáthraíonn feidhm athghníomhachtúcháin amháin, nó nach soláthraíonn ach feidhm athghníomhachtúcháin agus léiriú ar fheidhm athghníomhachtúcháin atá ar siúl, ní rachaidh an t-ídiú cumhachta sin thar 0,50 W.

Maidir le hídiú cumhachta trealamh agus é in aon staid lena soláthraítear faisnéis nó taispeáint stádais amháin, nó lena soláthraítear meascán d’fheidhm athghníomhachtúcháin agus d’fhaisnéis nó de thaispeáint stádais agus an méid sin amháin, nó lena soláthraítear feidhm athghníomhachtúcháin agus léiriú ar fheidhm athghníomhachtúcháin ar siúl agus faisnéis nó taispeáint faisnéise agus an méid sin amháin, ní rachaidh sé thar 0,80 W seachas triomadóirí tí a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 932/2012 <sup>(1)</sup> ón gCoimisiún, arb é 1,000 W an luach ina leith a bheidh ann.

Trealamh líonraithe ag a bhfuil mód fuireachais amháin nó níos mó, comhlíonfaidh sé na ceanglais maidir leis na modhanna fuireachais sin nuair atá na poirt líonra sreinge uile dínasctha agus nuair a dhíghníomhachtaítear na poirt líonra gan sreang uile.

## (c) Ídiú cumhachta sa mhód fuireachais líonra:

Ní rachaidh ídiú cumhachta trealamh HiNA, nó trealamh ag a bhfuil feidhmiúlacht HiNA, sa mhód fuireachais líonra, thar 8,00 W. Ní Rachaidh ídiú cumhachta trealamh HiNA, nó trealamh ag a bhfuil feidhmiúlacht HiNA, thar 7,00 W 2 bhliain tar éis chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Ní rachaidh ídiú cumhachta trealamh líonra, seachas trealamh HiNA nó trealamh ag a bhfuil feidhmiúlacht HiNA, sa mhód fuireachais líonra, thar 2,00 W.

Ní bheidh feidhm ag na teorainneacha ar ídiú cumhachta maidir leis na nithe seo a leanas:

- trealamh priontála mórfhormáide;
- caolchiant deisce, stáisiúin oibre, stáisiúin oibre mhóibíleacha, freastalaithe mionscála mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 617/2013.

## 2. Ceanglais feidhmíochta:

## (a) Infhaighteacht an mhóid “as” agus an mhóid fuireachais:

Mura mbeidh sé sin míchuí don úsáid atá beartaithe, cuirfidh an trealamh ceann amháin nó níos mó de na modhanna seo a leanas ar fáil:

- mód “as”,
- mód fuireachais,
- aon mhód eile nach sáraíonn na ceanglais maidir le hídiú cumhachta is infheidhme i dtaca le mód “as” ná mód fuireachais nuair atá an trealamh ceangailte leis an bhfoinse phríomhlíonra cumhachta.

## (b) Feidhm bainistíochta cumhachta maidir le gach trealamh seachas trealamh líonraithe:

(1) Mura bhfuil sé míchuí don úsáid atá beartaithe, cuirfidh an trealamh feidhm bainistíochta cumhachta ar fáil. I gcás nach bhfuil príomhfheidhm á soláthar ag an trealamh, agus nach bhfuil táirge eile a bhaineann le fuinneamh ag brath ar a fheidhmeanna, lascaidh an fheidhm bainistíochta cumhachta an trealamh go huathoibríoch isteach i gceachtar de na modhanna seo a leanas tar éis na tréimhse is giorra is féidir atá oiriúnach don úsáid atá beartaithe don trealamh:

- mód fuireachais,

<sup>(1)</sup> IO L 278, 12.10.2012, lch. 1.

- mód “as”,
  - aon mhód eile nach sáraíonn na ceanglais maidir le hídiú cumhachta is infheidhme i dtaca le mód “as” ná mód fuireachais nuair atá an trealamh ceangailte leis an bhfoinse phríomhlíonra cumhachta.
- (2) I gcás meaisíní caife tí, is mar a leanas a bheidh an tréimhse dá dtagraítear i bpointe (1):
- i gcás meaisíní caife silscagaire tí ina ndéantar an caife a stóráil i gcrúiscín inslithe, 5 nóiméad ar a mhéad;
  - i gcás meaisíní caife silscagaire tí ina ndéantar an caife a stóráil i gcrúiscín nach bhfuil inslithe, 40 nóiméad ar a mhéad;
  - i gcás meaisíní caife tí nach meaisíní caife silscagaire tí iad, 30 nóiméad ar a mhéad.
- (3) I gcás trealamh eile, ní bheidh an tréimhse dá dtagraítear i bpointe (1) níos faide ná 20 nóiméad.
- (4) Déanfar an fheidhm bainistíochta cumhachta a bhfuil tuairisc uirthi i bpointe (1) a ghníomhachtú nuair a chuirfear an trealamh ar an margadh nó nuair a chuirfear é i mbun seirbhíse agus gníomhachtófar í tríd an tsuiteáil tosaigh tar éis an trealamh a athshocrú ina réamhshocrúithe monarchan.
- (5) Féadfaidh an trealamh an rogha a thabhairt don úsáideoir an fheidhm bainistíochta cumhachta a dhíghníomhachtú. I gcásanna den sórt sin, tabharfar rabhadh do na húsáideoirí faoi ídiú fuinnimh méadaithe na gníomhaíochta sin. Aireofar an rabhadh sin sna lámhleabhair treorach agus, i gcás inarb infheidhme, cuirfear ar fáil é ar na taispeántaí a bheidh comhtháite sa trealamh nó ceangailte leis, seachas taispeántaí faisnéise nó stádais. Ní bheidh an rogha sin mar chuid de nós imeachta suiteála an trealamh agus éileofar leis gníomhaíochta úsáideora ar leithligh i leith an trealamh.
- (c) Bainistíocht cumhachta maidir le trealamh líonraithe:
- Mura bhfuil sé míchuí don úsáid atá beartaithe, cuirfidh an trealamh feidhm bainistíochta cumhachta ar fáil. Nuair nach bhfuil príomhfheidhm á feidhmiú ag an trealamh, agus nach bhfuil táirge eile a bhaineann le fuinneamh ag brath ar a fheidhmeanna, lascaidh an fheidhm bainistíochta cumhachta an trealamh go huathoibríoch isteach sa mhód fuireachais tar éis na tréimhse is giorra is féidir atá oiriúnach don úsáid atá beartaithe don trealamh. Ní bheidh an tréimhse sin níos faide ná 20 nóiméad.
- Faoin mód fuireachais líonra, féadfaidh an fheidhm bainistíochta cumhachta an trealamh a lascadh go huathoibríoch sa mhód fuireachais nó sa mhód “as” nó i staid eile nach sáraíonn na ceanglais ídithe cumhachta is infheidhme maidir leis an mód fuireachais nó leis an mód “as”.
- Beidh an fheidhm bainistíochta cumhachta ar fáil le haghaidh poirt líonra uile an trealamh líonraithe.
- Mura ndéanfar na poirt líonra uile a díghníomhachtú, déanfar an fheidhm bainistíochta cumhachta a ghníomhachtú nuair a chuirfear an trealamh ar an margadh nó nuair a chuirfear é i mbun seirbhíse. Tar éis an trealamh a athshocrú go dtí a réamhshocrúithe monarcha, déanfar an fheidhm bainistíochta cumhachta a ghníomhachtú má dhéantar aon cheann de na phoirt líonra a ghníomhachtú.
- Féadfaidh an trealamh an rogha a thabhairt don úsáideoir an fheidhm bainistíochta cumhachta a dhíghníomhachtú. I gcásanna den sórt sin, tabharfar rabhadh don úsáideoir faoi ídiú fuinnimh méadaithe na gníomhaíochta sin. Aireofar an rabhadh sin sna lámhleabhair treorach agus, i gcás inarb infheidhme, cuirfear ar fáil é ar na taispeántaí a bheidh comhtháite sa trealamh nó ceangailte leis. Ní bheidh an rogha sin mar chuid de nós imeachta suiteála an trealamh agus éileofar leis gníomhaíochta úsáideora ar leithligh i leith an trealamh.
- Comhlíonfaidh trealamh líonraithe nach trealamh HiNA é na ceanglais a leagtar amach i bpointe 2(b) nuair a bheidh na poirt líonra sreinge uile dínasctha agus nuair a dhíghníomhachtófar na poirt líonra gan sreang uile.
- (d) An fhéidearthacht naisc líonra gan sreang a dhíghníomhachtú:
- Aon trealamh líonraithe is féidir a nascadh le líonra gan sreang, tabharfaidh sé an deis don úsáideoir na naisc líonra gan sreang a dhíghníomhachtú. Níl feidhm ag an gceanglas sin maidir le trealamh a bhraitheann ar nasc líonra gan sreang amháin le haghaidh na húsáide atá beartaithe agus nach bhfuil aon nasc líonra sreinge acu.

- (e) Ní úsáidfean an tasc “fuireachas” ná aistriúcháin air i dteangacha oifigiúla uile an Aontais chun tuairisc a thabhairt, tuairisc leis féin nó in éineacht le faisnéis eile, ar aon mhód nach gcomhlíonann an trealamh sa mhód sin na ceanglais a leagtar amach i bpointí 1(b) nó 1(c).

### 3. Ceanglais maidir le faisnéis

- (a) Áireofar an fhaisnéis seo a leanas maidir le gach trealamh, de réir mar is infheidhme, sna lámhleabhair treorach d’úsáideoirí deiridh, agus i suíomhanna gréasáin saor-rochtana monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe:

- (1) maidir le gach mód “as”, mód fuireachais (nó mód eile nach sáraíonn na ceanglais ídithe cumhachta is infheidhme maidir le mód “as” nó le mód fuireachais) agus mód fuireachais líonra ina lastar an trealamh tríd an bhfeidhm bainistíochta cumhachta nó trí fheidhm chomhchosúil:

- an t-ídiú cumhachta arna shloinneadh i vatanna agus arna shlánú go dtí an chéad ionad deachúil;
- an tréimhse ar ina diaidh a shroicheann go huathoibríoch an trealamh mód fuireachais, an mód “as” nó an mód fuireachais líonra, i nóiméid agus slánaithe go dtí an nóiméad is gaire;

- (2) ídiú cumhachta an trealaimh sa mhód fuireachas líonra má tá gach port líonra sreinge nasctha agus gach port líonra gan sreang gníomhachtaithe;

- (3) I gcás trealamh is gá dóibh soláthar cumhachta seachtrach, ach a chuirtear ar an margadh gan an soláthar seachtrach cumhachta, cuirfidh an monaróir, an t-allmhaireoir nó an t-ionadaí údaraithe, faisnéis ar fáil maidir le saintréithe teicniúla an mhúnla táirge agus an soláthar cumhachta seachtrach atá le húsáid leis an trealamh sin.

- (4) treoir maidir le conas port líonra gan sreang a ghníomhachtú agus a dhíghníomhachtú.

Mar mhalairt air sin, is féidir an fhaisnéis i bpointí (1), (2) agus (3) a chur ar fáil sna lámhleabhair treorach d’úsáideoirí deiridh i bhfoirm nasc chuig an bhfaisnéis sin ar shuíomhanna gréasáin a bhfuil rochtain shaor orthu de chuid monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe.

- (b) Chun críocha measúnaithe comhréireachta de bhun Airteagal 4, sa doiciméadacht theicniúil beidh na gnéithe seo a leanas:

- (1) an chatagóir trealaimh:

- sonraíocht maidir cé acu atá an trealamh líonraithe nó nach bhfuil sé líonraithe;
- maidir le trealamh líonraithe, sonraíocht maidir le cé acu an trealamh HiNA é, an trealamh é a bhfuil feidhmiúlacht HiNA aige, nó an trealamh líonraithe eile é; i gcás nach gcuirtear aon fhaisnéis ar fáil, ní mheastar an trealamh mar threalamh HiNA ná mar threalamh a bhfuil feidhmiúlacht HiNA aige;

- (2) i gcás gach móid “as”, móid fuireachais agus móid fuireachas líonra:

- luach fógartha an ídithe chumhachta i vatanna arna slánú go dtí an chéad ionad deachúil;
- an modh tomhais arna úsáid;
- tuairisc ar an gcaoi ar roghnaíodh nó ar cláraíodh an mód trealaimh;
- an tsraith teagmhas as a dtiocfaidh an staid ina n-athraítear modhanna an trealaimh go huathoibríoch;
- aon nóta maidir le hoibriú an trealaimh, e.g. faisnéis faoin gcaoi a n-athraíonn an t-úsáideoir an trealamh isteach sa mhód fuireachais líonra;
- más infheidhme, an t-am réamhshocraithe is gá chun an mód nó an staid ísealchumhachta is infheidhme a bhaint amach i nóiméid agus slánaithe go dtí an nóiméad is gaire;

- (3) i gcás trealamh líonraithe:

- an líon agus an cineál port líonra agus, cé is moite de phoirt líonra gan sreang, i gcás ina bhfuil na poirt sin suite ar an trealamh; fógrófar, go háirithe, an bhfuil dhá chineál port líonra nó níos mó sa phort líonra fisiceach céanna;

- cibé acu an ndíghníomhachtaítear nó nach ndíghníomhachtaítear gach port líonra sula gcuirtear an trealamh ar an margadh nó sula gcuirtear i mbun seirbhíse é;
  - cé acu an bhfuil poirt ag brath ar naisc ghníomhacha sreinge don úsáid atá beartaithe nó nach bhfuil, agus an nós imeachta a úsáidtear chun na poirt sin a dhíghníomhachtú;
  - ídiú cumhachta an trealaimh sa mhód fuireachas líonra má tá gach port líonra sreinge nasctha agus gach port líonra gan sreang gníomhachtaithe;
  - treoraíocht maidir le conas poirt líonra gan sreang a ghníomhachtú agus a dhíghníomhachtú;
- (4) i gcás gach cineál poirt líonra:
- an tréimhse ar ina diaidh a n-athraíonn an fheidhm bainistíochta cumhachta an trealamh isteach sa mhód fuireachais líonra;
  - an truícear a thionscnaítear go cianda chun an trealamh a athghníomhachtú;
  - na sonraíochtaí (sonraíochtaí uasta) feidhmíochta;
  - ídiú cumhachta (ídiú uasta cumhachta) an trealaimh atá sa mhód fuireachais, mód a n-athróidh an fheidhm bainistíochta cumhachta an trealamh isteach ann, mura n-úsáidtear ach an port sin chun cianghníomhachtú a dhéanamh;
  - an prótacal cumarsáide a úsáidtear leis an trealamh;
- (5) dálaí tástála le haghaidh toisí:
- teocht chomhthimpeallach;
  - voltas tástála in V agus an mhinicíocht in Hz;
  - díchumadh armónach iomlán an chórais soláthair leictreachais;
  - tuairisc ar an ionstraimíocht, an cur ar bun agus na ciorcaid a úsáidtear le haghaidh tástáil leictreach;
- (6) sainréithe an trealaimh atá ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i bpointí 2(a), (b) agus (c), de réir mar is infheidhme, lena n-áirítear an luach fógartha, i nóiméid, agus slánaithe go dtí an nóiméad is gaire. Maidir leis an am a thógtar an mód fuireachais líonra, an mód fuireachais nó an mód “as” a bhaint amach go huathoibríoch, nó mód eile nach sáraíonn na ceanglais maidir le hídiú cumhachta is infheidhme maidir le mód “as” nó mód fuireachais.
- (7) Más infheidhme, soláthrófar réasúnú teicniúil nach iomchuí na ceanglais a leagtar amach i bpointí 2(a), 2(b), 2(c) agus 2(d) i dtaca leis an úsáid atá beartaithe don trealamh. Maidir leis an ngá le nasc líonra amháin nó níos mó a choinneáil ar bun nó an gá fanacht le truícear arna thionscnamh go cianda, ní mheastar gur réasúnú teicniúil é an gá sin chun trealamh a dhíolmhú ó na ceanglais a leagtar amach i bpointe 2(b) i gcás trealamh nach sainíonn an monaróir mar threalamh líonraithe. Maidir leis na ceanglais a leagtar amach i bpointe 2(c), cuirfear fianaise ar fáil leis an réasúnú teicniúil, go háirithe, maidir leis an gcúis ar gá príomhfheidhm a bheith gníomhach i gcónaí. Ina theannta sin, i gcás inarb infheidhme, luafar an méid seo a leanas go sainráite sa phacáistíocht:
- (a) níl mód fuireachais nó staid choibhéiseach ag an trealamh maidir le ceanglais éifeachtúlachta fuinnimh, feidhm bainistíochta cumhachta nó an cumas mód nasc líonra gan sreang a dhíghníomhachtú;
  - (b) is dócha go mbeidh ídiú cumhachta an trealaimh níos airde ná múnlaí trealaimh eile a chomhlíonann na ceanglais fheidhmiúla sin.
- (8) tuairisc ar phríomhfheidhmeanna an trealaimh.
-

## IARSCRÍBHINN IV

## MODHANNA TOMHAIS AGUS RÍOFA

Déanfar tomhais agus ríomhanna trí úsáid a bhaint as caighdeáin chomhchuibhithe, ar foilsíodh a n-uimhreacha tagartha chun na críche sin in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, nó modhanna eile atá iontaofa cruinne agus in-atáirgthe agus lena gcuirtear san áireamh na modhanna úrscothacha a bhfuil glacadh leo go ginearálta.

Beidh feidhm ag na coinníollacha ginearálta seo a leanas agus trealamh líonraithe á thástáil:

- (a) Chun an t-ídiú fuinnimh a thomhas i mód fuireachais trealamh líonraithe ag a bhfuil an mód sin, déanfar poirt líonra uile an aonaid a dhíghníomhachtú nó a dhínascadh, de réir mar is infheidhme.
- (b) Má tá an trealamh ag brath ar nasc gníomhach sreinge le port líonra amháin nó níos mó don úsáid atá beartaithe, ceadaítear díghníomhachtú na bport líonra sin de láimhe seachas dínascadh sreinge.
- (c) Úsáidfean an nós imeachta seo a leanas chun ídiú fuinnimh a thomhas sa mhód fuireachais líonra agus chun an fheidhm bainistíochta cumhachta a thástáil:

- (1) Má tá cineál poirt líonra amháin ag an trealamh agus má tá dhá phort nó níos mó den chineál sin ar fáil, roghnaítear ceann de na poirt sin go randamach agus déantar an port sin a nascadh leis an líonra iomchuí a chomhlíonann sonraíocht uasta an phoirt. Má tá iliomad poirt líonra gan sreang den chineál céanna ag an trealamh, déanfar na poirt gan sreang eile a dhíghníomhachtú más féidir. Má tá iliomad poirt líonra sreinge den chineál céanna ag an trealamh, déanfar na poirt líonra eile a dhínascadh. Mura bhfuil ach port líonra amháin ar fáil, déanfar an port sin a nascadh leis an líonra iomchuí a chomhlíonann sonraíocht uasta an phoirt.

Lastar an t-aonad. An gaireas a sholáthraíonn an trucear a thionscnaítear go cianda lena n-athghníomhachtófar an t-aonad a tástáladh, tá an gaireas sin nasctha leis an líonra iomchuí, é lasta agus réidh chun an trucear a sholáthair nuair is gá. A luaithe a lastar air an t-aonad a tástáladh agus é ag obair i gceart, tá cead aige dul isteach sa mhód fuireachais líonra agus déantar an t-ídiú cumhachta a thomhas. Ansin, tugtar an trucear cuí don aonad tríd an bport líonra agus déantar a sheiceáil an bhfuil an trealamh athghníomhachtaithe.

- (2) Má tá níos mó ná cineál poirt líonra amháin ag an trealamh, athdhéantar an nós imeachta seo a leanas do gach cineál poirt líonra. Má tá dhá phort líonra nó níos mó de chineál amháin ar fáil, roghnaítear port amháin go randamach do gach cineál poirt líonra agus déantar an port sin a nascadh leis an líonra iomchuí a chomhlíonann sonraíocht uasta an phoirt.

Más rud é nach bhfuil ach port amháin ar fáil do chineál áirithe poirt líonra, déantar an port sin a nascadh leis an líonra iomchuí a chomhlíonann sonraíocht uasta an phoirt. Déanfar poirt líonra sreinge nach n-úsáidtear a dhínascadh agus déanfar poirt gan sreang nach n-úsáidtear a dhíghníomhachtú.

Lastar an t-aonad. An gaireas a sholáthraíonn an trucear a thionscnaítear go cianda lena n-athghníomhachtófar an t-aonad a tástáladh, tá an gaireas sin nasctha leis an líonra iomchuí, é lasta agus réidh chun an trucear a sholáthair nuair is gá. A luaithe a lastar air an t-aonad a tástáladh agus é ag obair i gceart, tá cead aige dul isteach sa mhód fuireachais líonra agus déantar an t-ídiú cumhachta a thomhas. Ansin, tugtar an trucear cuí don aonad tríd an bport líonra agus déantar a sheiceáil an bhfuil an trealamh athghníomhachtaithe. Má tá aon phort líonra fisiceach á roinnt ag dhá chineál poirt líonra (poirt líonra loighciúla) nó níos mó, déanfar an nós imeachta sin arís agus arís eile le haghaidh gach cineál poirt líonra loighciúil, agus déanfar dínascadh loighciúil ar na poirt líonra loighciúil eile.

- (d) I gcás gach cineál meaisíní caife tí, déanfar na tomhais tar éis an timthriall grúdaireachta deireanach a bheith curtha i gcrích, nó, más infheidhme, tar éis próiseas díscrimhe, próiseas féinghlanta nó aon oibríocht a dhéanann an t-úsáideoir, mura bhfuil aláram truceartha lena n-éilítear idirghabháil an úsáideora chun damáiste nó tionóisc a d'fhéadfadh tarlú a chosc.

## IARSCRÍBHINN V

**NÓS IMEACHTA FÍORÚCHÁIN CHUN CRÍOCH FAIREACHAIS MARGAIDH**

Na lamháltais fíorúcháin a shainítear san Iarscríbhinn seo, tá feidhm acu maidir le fíorú ag údaráis Ballstát ar na luachanna fógartha, agus maidir leis an méid sin amháin. Ní úsáidfidh an monaróir, an t-allmhaireoir ná an t-ionadaí údaraithe iad mar lamháltas ceadaithe chun na luachanna sa doiciméadacht theicniúil a leagan síos ná chun na luachanna sin a léirmhíniú d'fhonn comhlíontacht a bhaint amach ná chun feidhmíocht níos fearr a chur in iúl trí mheán ar bith.

Measfar nach comhlíontach é aon mhúnla ná gach múnla coibhéiseach i gcás nach bhfuil an múnla sin i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos sa chéad mhír d'Airteagal 6 den Rialachán seo.

Mar chuid d'fíorú go gcomhlíonann múnla trealaimh na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo de bhun Airteagal 3(2) de Threoir 2009/125/CE, cuirfidh údaráis na mBallstát an nós imeachta seo a leanas i bhfeidhm maidir leis na ceanglais dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo:

1. Fíoróidh údaráis na mBallstát aonad aonair amháin den mhúnla.
2. Measfar go gcomhlíonann an múnla na ceanglais is infheidhme má chomhlíontar na ceanglais seo a leanas ar fad:
  - (a) maidir leis na luachanna a thugtar sa doiciméadacht theicniúil de bhun phointe 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2009/125/CE (na luachanna fógartha), agus, i gcás inarb infheidhme, na luachanna úsáideadh chun na luachanna sin a ríomh, níl siad níos fabhraí don mhonaróir, don allmhaireoir ná don ionadaí údaraithe ná torthaí na dtomhas comhfhreagrach a rinneadh de bhun phointe 2(g) den Iarscríbhinn sin;
  - (b) comhlíonann na luachanna fógartha aon cheanglas a leagtar síos sa Rialachán seo, agus in aon fhaisnéis a éilítear agus a d'fhoilsigh an monaróir, an t-allmhaireoir nó an t-ionadaí údaraithe, nach bhfuil luachanna atá níos fabhraí don mhonaróir, don allmhaireoir ná don ionadaí údaraithe ná na luachanna fógartha;
  - (c) i gcás ina seiceálann údarás na mBallstát aonad múnla an mhonaróra, an allmhaireora nó aonad múnla an ionadaí údaraithe, go bhfuil córas i bhfeidhm aige a chomhlíonann na ceanglais sa dara mír d'Airteagal 6;
  - (d) nuair a sheiceálann údaráis na mBallstát aonad an mhúnla go gcomhlíonann sé na ceanglais feidhmíochta i bpointe 2 d'Iarscríbhinn III agus na ceanglais faisnéise i bpointe 3 d'Iarscríbhinn III;
  - (e) nuair a dhéanann údaráis na mBallstát tástáil ar aonad an mhúnla, comhlíonann na luachanna arna gcinneadh (luachanna na bparaiméadar ábhartha arna dtomhas le linn tástála agus na luachanna arna ríomh ó na tomhais sin) na lamháltais fíorúcháin faoi seach mar a leagtar amach i dTábla 1.
3. Mura gcomhlíontar coinníollacha a leagtar amach i bpointí 2(a), (b), (c) ná (d), measfar nach gcomhlíonann an múnla agus gach múnla coibhéiseach an Rialachán seo.
4. Mura gcomhlíonfar an coinníoll a leagtar amach i bpointe 2(e), roghnóidh údaráis na mBallstát trí aonad breise den mhúnla céanna lena dtástáil. Mar mhalairt air sin, féadfaidh múnla coibhéiseach amháin nó níos a bheith ar na trí aonad breise a roghnófar.
5. Measfar go gcomhlíonann an múnla na ceanglais is infheidhme, más rud é, i gcás na dt trí aonad sin, go gcomhlíonann meán uimhriochtúil na luachanna arna gcinneadh na lamháltais fíorúcháin faoi seach a thugtar i dTábla 1.
6. Mura mbaintear amach an toradh dá dtagraítear i bpointí 5, measfar nach gcomhlíonann an múnla agus gach múnla coibhéiseach an Rialachán seo.
7. Cuirfidh údaráis na mBallstát an fhaisnéis ábhartha uile ar fáil gan mhoill d'údaráis na mBallstát eile agus don Choimisiún tar éis cinneadh a dhéanamh maidir le neamhchomhlíontacht an mhúnla de bhun phointí 3 nó 6 nó an dara mír den Iarscríbhinn seo.

Úsáidfidh údaráis na mBallstát na modhanna tomhais agus ríofa a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

Maidir leis na ceanglais dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo, ní chuirfidh údaráis na mBallstát i bhfeidhm ach na lamháltais fíorúcháin a leagtar amach i dTábla 1 thíos agus ní úsáidfidh siad ach an nós imeachta a thuairiscítear i bpointí 1 go 7 thuas. I gcás na bparaiméadar i dTábla 1, ní chuirfear aon lamháltas eile i bhfeidhm, amhail na lamháltais a leagtar amach i gcaighdeáin chomhchuíbhithe ná in aon mhodh tomhais eile.

Tábla 1

**Lamháltais fíorúcháin**

Paraiméadair	Na lamháltais fíorúcháin
Ídiú cumhachta sa mhód “as”	Ní rachaidh an luach arna chinneadh (*) thar 0,10 W den luach fógartha.
Ídiú cumhachta sa mhód fuireachais	Ní rachaidh an luach arna chinneadh (*) thar 0,10 W den luach fógartha.
Ídiú cumhachta sa mhód fuireachais	Ní rachaidh an luach arna chinneadh (*) thar 0,10 W den luach fógartha, más rud é go bhfuil an luach fógartha níos lú ná 1 W, agus ní rachaidh sé níos mó ná 10 % de in aon chás eile.
An t-am is gá don trealamh an mód nó an staid ísealchumhachta is infheidhme a bhaint amach	Ní rachaidh an luach arna chinneadh (*) thar 10 % den luach fógartha

(\*) i gcás trí aonad breise a dhéantar a thástáil, rud dá bhforáiltear i bpointe 4, ciallaíonn an luach arna chinneadh meán uimhríochtúil na luachanna arna chinneadh le haghaidh na dtrí aonad breise.



## IARSCRÍBHINN VI

## TAGARMHARCANNA

Tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, rinneadh an teicneolaíocht is fearr a bhí ar fáil ar an margadh maidir le tomhaltas cumhachta sa mhód as, sa mhód fuireachais agus sa mhód fuireachais líonra a shainaithint mar seo a leanas:

- (a) Mód “as”: 0 W - 0,2 W trí lasc “as” crua ar an taobh príomhúil, ag brath, *inter alia*, ar na saintréithe a bhaineann leis an gcomhoiriúnacht leictreamaighnéadach faoi Threoir 2014/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>.
- (b) Mód fuireachais: 0,1 W trí fheidhm athghníomhachtúcháin; 0,1 W trí thaispeáint faisnéise nó stádais LED ísealchumhachta nó simplí (éilítear níos mó cumhachta le haghaidh taispeántí níos mó e.g. le haghaidh clog).
- (c) Mód fuireachais líonraithe: 3 W i gcás trealamh HiNA; 1 W nó níos lú le haghaidh trealamh nach trealamh HiNA é.

---

<sup>(1)</sup> IO L 96, 29.3.2014, lch. 79.



ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)